2026/1932

11.8.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1932 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Lúnasa 2026

lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le táirgí iascaigh a mheá, lena rialú agus le cigireacht a dhéanamh orthu, agus le pleananna samplála, pleananna rialaithe agus cláir chomhchoiteanna um rialú a ghlacadh

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialúcháin de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 60(10), Airteagal 60a(1), pointí (a), (b), (d), (f) agus (g), agus Airteagal 93a(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 bunaítear córas rialúcháin de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh ('CBI') a áirithiú, lena n-áirítear rialacha maidir le táirgí iascaigh a mheá agus maidir le cláir náisiúnta um rialú le haghaidh cigireachta agus rialú rialacha CBI, dá soláthraítear rialacha mionsonraithe sa Rialachán seo chun tacú lena gcur chun feidhme.

(2) D'fhonn cur i bhfeidhm comhleanúnach na rialacha mionsonraithe sin a áirithiú, is gá sainmhínithe áirithe a shuí.

(3) Chun comhsheasmhacht agus inchomparáideacht na faisnéise atá le soláthar i gcomhthéacs taifid mheáite a áirithiú, is gá íoscheanglais a bhunú maidir le faisnéis a chur isteach, agus cás ar leith soithí agus oibreoirí áirithe á chur san áireamh, amhail soithí gabhála nach bhfuil faoi réir ceanglais shainordaitheacha maidir le logleabhar iascaireachta leictreonach go fóill agus máistrí a ghníomhaíonn mar oibreoirí meáite údaraithe, a bhfuil údar cuí le samhail shimplithe taifeadta ina leith.

(4) Tá sé ina cheanglas de chuid Airteagal 60(1) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 go ndéanfar táirgí iascaigh a mheá ar mheá-chórais arna bhformheas ag údaráis inniúla na mBallstát. Is iomchuí, dá bhrí sin, rialacha agus íoscheanglais theicniúla a bhunú maidir leis na córais sin, lena n-áirítear cásanna ina mbíonn cliseadh teicniúil nó cásanna nach bhfeidhmíonn siad.

(5) Chun rialú éifeachtach na rialacha agus na gceanglas a bhaineann le taifid mheáite agus meá-chórais a áirithiú, cibé acu ar talamh nó ar bord, is iomchuí rialacha mionsonraithe a bhunú maidir le rochtain ó údaráis inniúla na mBallstát ar na taifid agus ar na córais sin.

(6) Chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí dí-uiscithe agus dí-oighrithe ar mheáchan táirgí iascaigh áirithe a chinneadh, go háirithe i gcás ina bhfuil gá leis na próisis sin chun trochlú a sheachaint nó chun táirgí a chaomhnú, agus gan dochar do cheanglais éagsúla arna mbunú faoi rialacha CBI, lena n-áirítear bearta arna bhformhuiniú ag an Aontas agus ag Stáit chósta eile de chuid an Atlantaigh Thoir Thuaidh, is iomchuí rialacha mionsonraithe a thabhairt isteach maidir le hasbhaint uisce agus oighir. Ba cheart do na rialacha sin cur le hasbhaint 2 % a leagtar amach in Airteagal 74 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún ([2]), ar feadh tréimhse theoranta, agus an tráth céanna leibhéal áirithe solúbthachta a cheadú do na Ballstáit, le linn na tréimhse sin agus ina diaidh, chun céatadán difriúil a chur i bhfeidhm i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, i gcás inar gá, inar comhréireach agus inarb iomchuí, amhail i bhfianaise na teicneolaíochta agus na gcleachtas is fearr dá bhfuil ar fáil, agus i gcomhréir le cuspóirí CBI,

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj..

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialúcháin Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/404/oj).

lena n-áirítear cothrom iomaíochta a áirithiú laistigh den Aontas. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le haon chéatadán asbhainte éagsúil a úsáid ar bhonn faisnéis ábhartha arna cur isteach ag na Ballstáit lena mbaineann agus, i gcás inar gá, le tacaíocht theicniúil ó shaineolaithe neamhspleácha nó ó chomhlachtaí eolaíocha atá aitheanta ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach. Chun cur i bhfeidhm comhchuibhithe na n-asbhaintí a chur chun cinn laistigh den Aontas, ba cheart don Choimisiún na Ballstáit a chur ar an eolas faoi aon fhógra a bhaineann leis na hasbhaintí sin agus, arna iarraidh sin, ba cheart dó a bheith in ann plé teicniúil ar thograí asbhainte den sórt sin a chomhordú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí mheithleacha tiomnaithe, agus tríd an ngrúpa saineolaithe maidir le comhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(7) Ba cheart pleananna samplála um tháirgí iascaigh arna meá ar bord, um ghabhálacha táirgí iascaigh sórtáilte agus neamhshórtáilte a thabhairt i dtír agus um ghabhálacha táirgí iascaigh reoite a ghlacadh faoi Airteagal 60 (10) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 chun foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht do na Ballstáit ina dtugtar na táirgí iascaigh i dtír a cheadú d'oibreoirí meáite údaraithe maolú ar an oibleagáid ghinearálta na táirgí iascaigh uile a mheá in aghaidh an speicis díreach tar éis iad a thabhairt i dtír, i gcomhréir leis an bplean samplála a glacadh. Áirítear leis sin coinníollacha íosta maidir le nósanna imeachta agus bearta chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, ar cheart do na Ballstáit agus d'oibreoirí iad a chur i bhfeidhm chun cruinneas na meáite agus an chomhdhéanaimh gabhála a áirithiú.

(8) Thairis sin, ba cheart pleananna rialaithe agus cláir chomhchoiteanna um rialú le haghaidh táirgí iascaigh a iompraítear sula ndéantar iad a mheá i gcríoch an Bhallstáit ina dtugtar na gabhálacha i dtír nó i gcríoch Ballstáit eile a ghlacadh faoi Airteagal 60(10) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 chun an deis a thabhairt do na Ballstáit ina dtugtar na táirgí iascaigh i dtír a cheadú d'oibreoirí meáite údaraithe maolú ar an oibleagáid ghinearálta na táirgí iascaigh uile a mheá in aghaidh an speicis díreach tar éis iad a thabhairt i dtír, i gcomhréir leis na pleananna rialaithe nó na cláir chomhchoiteanna um rialú a glacadh. Áirítear leis sin coinníollacha íosta maidir le nósanna imeachta, saoráidí meáite, agus bearta chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, ar cheart do na Ballstáit agus d'oibreoirí iad a chur i bhfeidhm chun cruinneas na meáite agus an chomhdhéanaimh gabhála a ráthú.

(9) Chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach agus go comhchuibhithe na rialacha agus na coinníollacha a bhunaítear sna pleananna samplála, sna pleananna rialaithe agus sna cláir chomhchoiteanna um rialú ábhartha a ghlactar faoin Rialachán seo, ba cheart nósanna imeachta mionsonraithe a bhunú chun iarratais ar fhormheas a chur faoi bhráid an Choimisiúin ionas go bhféadfar táirgí iascaigh a mheá agus iad á dtabhairt i dtír, ar bord, nó tar éis iad a iompar i gcomhréir leis na pleananna agus na cláir sin. Leis na nósanna imeachta sin, ba cheart freisin na Ballstáit a bheith in ann coinníollacha malartacha a mholadh seachas na coinníollacha sin a bhunaítear sna pleananna agus sna cláir a glacadh, coinníollacha atá teoranta d'eilimintí sonracha a bhféadfadh údar a bheith leis na coinníollacha malartacha sin ina leith.

(10) I bhfianaise na rioscaí a bhaineann le maoluithe meáite a úsáid agus an tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag neamhchomhlíonadh na rialacha meáite ar chruinneas na sonraí gabhála ar a bhfuil inbhuanaitheacht na stoc éisc bunaithe, is iomchuí rialacha mionsonraithe a bhunú maidir le cláir rialaithe agus tagarmharcanna náisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 93a(2), chun na rialacha meáite a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus sa Rialachán seo a rialú agus a iniúchadh.

(11) Chun sampláil chomhsheasmhach a áirithiú ar fud na mBallstát uile, tá sé tábhachtach maitrísí a bhunú chun táirgí iascaigh a mheá ar bord agus ar thabhairt i dtír araon. Ba cheart na maitrísí sin a bheith bunaithe, i gcás inar féidir, ar na maitrísí a sainaithníodh sa staidéar a rinne an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA), agus ar mhodheolaíochtaí arna bhforbairt ag na Ballstáit, i gcomhar le EFCA, ar bhonn sonraí fíoraithe agus na faisnéise eolaíche is fearr atá ar fáil.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

(12) Tá nasc substainteach idir na rialacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, agus tá sé beartaithe roinnt mhaith acu a chur i bhfeidhm le chéile. Ar mhaithe le simplíocht, agus chun a gcur i bhfeidhm a éascú agus chun iomadú rialacha a sheachaint, ba cheart, dá bhrí sin, iad a leagan síos in aon ghníomh amháin seachas i roinnt gníomhartha ar leithligh lena mbaineann go leor crostagairtí agus an baol dúblála.

(13) Beidh sonraí pearsanta a bhailítear agus a phróiseáiltear chun críoch rialaithe faoin Rialachán seo i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí a leagtar amach in Airteagal 112 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

(14) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus thug sé tuairim uaidh an 20 Iúil 2026.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Iascach agus Dobharshaothrú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le táirgí iascaigh a mheá, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) taifid mheáite;

(b) meá-chórais;

(c) asbhaint oighir agus uisce;

(d) rochtain na n-údarás inniúil ar thaifid mheáite agus ar mheá-chórais;

(e) cláir náisiúnta um rialú agus tagarmharcanna le haghaidh rialaithe agus cigireachtaí.

2. Ina theannta sin, déanann sé an méid seo a leanas freisin:

(a) pleananna samplála, pleananna rialaithe agus cláir chomhchoiteanna um rialú dá dtagraítear in Airteagal 60(10) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a ghlacadh; agus

(b) an nós imeachta a leagan síos maidir le formheas an Choimisiúin chun go gceadófar meá ar thabhairt i dtír, ar bord nó tar éis iompair, i gcomhréir leis na pleananna agus na cláir sin, dá dtagraítear in Airteagal 60(3)(a) go (d) den Rialachán sin.

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'oibreoir meáite údaraithe' oibreoir atá freagrach as táirgí iascaigh a mheá, dá dtagraítear in Airteagal 60(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(b) ciallaíonn 'boscaí caighdeánaithe' dhá ghabhdán nó níos mó de chineál aonfhoirmeach, de thoilleadh aonfhoirmeach, de mhéid aonfhoirmeach, agus, i gcás ina n-úsáidtear iad, de phacáistíocht aonfhoirmeach, ina bhfuil táirgí iascaigh de speiceas aonair, leis an gcur i láthair céanna, agus de thionscnamh an limistéir gheografaigh ábhartha chéanna;

(c) ciallaíonn 'coimeádáin chaighdeánaithe' dhá aonad nó níos mó de chineál aonfhoirmeach, de thoilleadh aonfhoirmeach agus de mhéid aonfhoirmeach, ina bhfuil táirgí iascaigh neamhshórtáilte, leis an gcur i láthair céanna, agus de thionscnamh an limistéir gheografaigh ábhartha chéanna;

(d) ciallaíonn 'pailléid chaighdeánaithe' dhá phaillead nó níos mó de chineál aonfhoirmeach agus de mhéid aonfhoirmeach, agus iad luchtaithe le líon réamhshainithe aonfhoirmeach boscaí caighdeánaithe a bhfuil pacáistíocht chomhionann acu;

(e) ciallaíonn 'pacáistíocht' ítim a úsáidtear chun boscaí caighdeánaithe a choimeád, a chosaint, a láimhseáil, a sheachadadh nó a chur i láthair, ar féidir a idirdhealú de réir formáide pacáistíochta bunaithe ar a feidhm, a hábhar agus a dearadh, lena n-áirítear cairtchlár, plaisteach agus ábhar strapála;

(f) ciallaíonn 'aonad iompair' aon fheithicil, a fhéadfaidh umair, boscaí nó coimeádáin a iompar, a úsáidtear chun táirgí iascaigh a iompar;

(g) ciallaíonn 'saoráid mheáite' saoráid atá feistithe chun táirgí iascaigh a mheá, lena n-áirítear an mheá shamplála;

(h) ciallaíonn 'cur i láthair' an fhoirm ina bpróiseáiltear na héisc agus iad ar bord an tsoithigh iascaireachta agus sula dtugtar i dtír iad, mar a thuairiscítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2196 ón gCoimisiún ([5]);

(i) ciallaíonn 'Ballstát ina dtugtar na gabhálacha i dtír' an Ballstát cósta ina dtugtar na táirgí iascaigh i dtír, lena n-áirítear an áit ina ndíluchtaítear iad isteach in aonad iompair;

(j) Ciallaíonn 'Ballstát ina ndéantar an mheá' an Ballstát ina ndéantar na táirgí iascaigh a mheá.

TEIDEAL II

RIALACHA MIONSONRAITHE MAIDIR LEIS AN MEÁ

CAIBIDIL I

Ceanglais agus bearta meáite

Airteagal 3

Taifid mheáite

1. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sna taifid mheáite dá dtagraítear in Airteagal 60(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009:

(a) ainm nó uimhir aitheantais an oibreora meáite údaraithe;

(b) an córas a úsáidtear chun táirgí iascaigh a mheá, lena n-áirítear aon samhail agus sraithuimhir nó uimhir aitheantais, i gcás ina bhfuil siad ar fáil;

(c) ainm an tsoithigh iascaireachta as a dtionscnaíonn an chainníocht mheáite, i gcás ina bhfuil sé ar fáil;

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2196 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2025 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le rochtain ar uiscí agus acmhainní, rialú ar iascach, faireachas, cigireacht agus forfheidhmiú, asbhaint cuótaí agus iarrachtaí iascaireachta, sonraí agus faisnéis, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún (IO L, 2025/2196, 12.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2196/oj).

(d) uimhir chlár cabhlaigh an Aontais nó, murab infheidhme, uimhir na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta ('IMO') nó aitheantóir uathúil soithigh eile de chuid an tsoithigh iascaireachta as a dtionscnaíonn an chainníocht mheáite táirgí iascaigh;

(e) uimhir uathúil aitheantais an turais iascaireachta de chuid an tsoithigh gabhála as a dtionscnaíonn an chainníocht mheáite táirgí iascaigh agus, i gcás soithí iascaireachta seachas soithí gabhála, uimhir uathúil/uimhreacha uathúla aitheantais an turais iascaireachta a bhaineann leis na gabhálacha;

(f) an dáta agus an t-am a chuirtear an mheá i gcrích nó, i gcás gur faide an t-am a thógtar chun an mheá a dhéanamh ná 24 uair an chloig, an dáta agus an t-am a cuireadh tús leis an meá agus a cuireadh i gcrích í;

(g) an suíomh, amhail an calafort, an áit tabhairt i dtír nó an tsaoráid, ina ndéantar na táirgí iascaigh a mheá, leis an leibhéal is airde mionsonraí atá ar fáil;

(h) cód alfa-3 na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta (FAO) de chuid gach speicis arna mheá;

(i) cainníochtaí gach speicis i gcileagraim an táirge a mheáitear i gcomhréir le hAirteagal 60 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, nó, i gcás inarb iomchuí, an líon aonán, arna miondealú de réir chineál an chur i láthair, agus de réir an limistéir gheografaigh ábhartha, lena n-áirítear, mar iontráil ar leithligh, na cainníochtaí atá faoi bhun na híosmhéide tagartha caomhnaithe is infheidhme;

(j) an chainníocht a asbhaintear le haghaidh uisce agus oighir i gcomhréir le hAirteagal 6, i gcás inarb infheidhme;

(k) meáchan gan ualach gach bosca, coimeádáin, pailléid nó aonaid iompair a úsáidtear chun na táirgí iascaigh a mheá, i gcás inarb infheidhme.

2. I dteannta na faisnéise íosta atá liostaithe i mír 1, i gcás oibríochtaí meáite a dhéantar i gcomhréir le hIarscríbhinní II go VI, beidh an fhaisnéis seo a leanas freisin sna taifid mheáite dá dtagraítear in Airteagal 60(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, i gcás inarb infheidhme:

(a) uimhriú seicheamhach na samplaí meáite uile agus an neas-am a gabhadh iad, i gcomhréir le hIarscríbhinn II(B)(i) agus (iii) agus Iarscríbhinn III(B) agus (C);

(b) cainníochtaí comhiomlána na dtáirgí iascaigh neamhshórtáilte arna meá i gcomhréir le hIarscríbhinn II(B)(ii);

(c) meáchan gach sampla arna mheá i gcomhréir le hIarscríbhinn II(B)(i) agus (iii) agus Iarscríbhinn III(B) agus (C) agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, cainníocht gach speicis, in aghaidh an chur i láthair, i ngach sampla, chomh maith le glanmheáchan iomlán an tsampla arna shloinneadh i gcileagraim agus i ngraim;

(d) meán-ghlanmheáchan táirge na mboscaí caighdeánaithe agus na bpailléad caighdeánaithe uile a úsáidtear chun críocha Iarscríbhinní II, III agus IV, le haghaidh gach speicis agus cur i láthair;

(e) meán-ghlanmheáchan táirge na gcoimeádán caighdeánaithe uile a úsáidtear chun críocha Iarscríbhinn II;

(f) an líon iomlán boscaí agus coimeádán, bídís caighdeánaithe nó ná bídís, agus pailléad caighdeánaithe a thugtar i dtír, le haghaidh gach speicis, cur i láthair agus limistéir gheografaigh ábhartha a úsáidtear chun críocha Iarscríbhinní II, III agus IV;

(g) cláruimhir nó aitheantóir uathúil eile aon saoráide meáite formheasta agus cláraithe a úsáidtear chun críocha Iarscríbhinní V agus VI;

(h) na figiúirí tosaigh agus deiridh arna dtaifeadadh ag na meá-chórais creasa iompair nó ag na meá-chórais bhaisce a úsáidtear chun críocha Iarscríbhinní V agus VI; agus

(i) léiriú gur meádh táirgí iascaigh tar éis iad a iompar faoi Iarscríbhinní V agus VI.

3. Go dtí an 10 Eanáir 2028 ní bheidh feidhm ag mír 1, pointe (e), maidir le soithí gabhála nach bhfuil feistithe le logleabhar iascaireachta leictreonach.

4. Faoin 10 Eanáir 2030 áiritheoidh oibreoirí meáite údaraithe go ndéanfar taifid mheáite arna dtarraingt suas chun críocha Iarscríbhinní II go VI a chur ar fáil, trí mheán leictreonach ag eatraimh shonraithe nó arna iarraidh sin, d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar an mheá.

Airteagal 4

Taifid mheáite shimplithe

Féadfaidh máistir soithigh gabhála a thugann táirgí iascaigh i dtír, agus é ag gníomhú mar an t-oibreoir meáite údaraithe, taifead meáite simplithe a líonadh isteach ina gcuirfear uimhir aitheantais uathúil an dearbhaithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear in Iarscríbhinn XV(10) a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2196 in ionad na faisnéise atá ina ceanglas faoi Airteagal 3(1), pointí (a), (c), (d), (e) agus (f).

Airteagal 5

Meá-chórais

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na córais uile a úsáidtear chun táirgí iascaigh a mheá faoi réir na n-íoscheanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus go ndéanfar iad a fhormheas, a chalabrú agus a shéalú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

2. I gcás ina ndéantar táirgí iascaigh a mheá ar bord soitheach gabhála, i gcomhréir le hIarscríbhinn IV, áiritheoidh údaráis inniúla ábhartha an Bhallstáit brataí go ndéanfar na meá-chórais sin a fhormheas, a chalabrú agus a shéalú i gcomhréir lena ndlí náisiúnta.

3. I gcás cliseadh teicniúil nó neamhfheidhmiú an mheá-chórais a dhéanann difear do chruinneas na dtorthaí meáite, déanfaidh oibreoirí meáite údaraithe an méid seo a leanas:

(a) meá-chóras formheasta malartach a úsáid, nó scor láithreach den mheá, go dtí go leigheasfar an cliseadh teicniúil nó an neamhfheidhmiú; agus

(b) i gcás meá-chórais creasa iompair, meá-chórais droichid meáite nó meá-chórais bhaisce, fógra a thabhairt faoin gcliseadh teicniúil nó faoin neamhfheidhmiú laistigh de 24 uair an chloig d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar an mheá agus, i gcás nach ionann iad, do na húdaráis atá freagrach as rialú iascaigh an Bhallstáit ina bhfuil na saoráidí meáite lonnaithe.

4. Féadfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar an mheá suíomh agus cumraíocht na meá-chóras agus an trealaimh a chinneadh, lena n-áirítear iad siúd a úsáidtear le haghaidh samplála i gcomhréir leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 6

Asbhaint oighir agus uisce

1. Gan dochar d'fhorálacha sonracha a leagtar amach faoi rialacha CBI, agus go dtí an 10 Eanáir 2030, féadfaidh oibreoirí meáite údaraithe asbhaint suas le 2 % de mheáchan iomlán na dtáirgí iascaigh peiligeacha úra a chur i bhfeidhm i gcás uisce agus oighir, cé is moite de thabhairt i dtír gabhálacha atá beartaithe chun críoch tionsclaíoch.

2. De mhaolú ar mhír 1 agus faoi réir mhíreanna 3 go 9, féadfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a cheadú:

(a) céatadán asbhainte atá difriúil ón gcéatadán dá bhforáiltear i mír 1; agus/nó

(b) an asbhaint i gcás uisce agus oighir a chur i bhfeidhm maidir le táirgí iascaigh neamhpheiligeacha.

3. Maidir le haon mhaolú ar an riail asbhainte 2 % a bhunaítear de bhun mhír 2:

(a) beidh sé sainithe go soiléir a mhéid a bhaineann lena raon feidhme agus lena chéatadán;

(b) beidh nósanna imeachta sonracha maidir le dí-uisciú agus dí-oighriú ag gabháil leis;

(c) beidh sé faoi réir bearta rialaithe éifeachtacha chun an riosca mí-úsáide a chosc;

(d) ní bheidh feidhm aige ach amháin maidir le táirgí iascaigh atá beartaithe lena gcaitheamh go díreach ag an duine; agus

(e) tabharfar údar leis ar bhonn anailís nó staidéar staidrimh atá neamhspleách agus ionadaíoch, lena n-áirítear na sonraí cigireachta, rialaithe agus eolaíocha is déanaí atá ar fáil, lena léirítear riachtanas, comhréireacht agus oiriúnacht na hasbhainte sin.

4. Féadfaidh Ballstát amháin nó níos mó togra le haghaidh asbhaint dá dtagraítear i mír 2 a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Beidh an fhaisnéis uile is gá ag gabháil leis an togra chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach i mír 3.

5. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile uile ar an eolas, gan mhoill, faoin togra dá dtagraítear i mír 4. Féadfaidh Ballstát amháin nó níos mó a iarraidh ar an gCoimisiún pléití teicniúla ar an togra sin a chomhordú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an grúpa saineolaithe maidir le comhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

6. Laistigh de 6 mhí ó thogra iomlán a fháil, cinnfidh an Coimisiún ar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i mír 3, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, é sin a dhéanamh tar éis dó dul i gcomhairle le comhlachtaí eolaíocha neamhspleácha a aithnítear ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta.

7. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach i mír 3, ceadóidh sé an asbhaint agus sonróidh sé a raon feidhme, lena n-áirítear an t-iascach, na stoic, na speicis, na catagóirí táirgí agus na limistéir gheografacha lena mbaineann.

8. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi aon asbhaint a cheadaítear faoi mhír 7 ar a shuíomh gréasáin agus féadfaidh sé athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar riachtanas, comhréireacht agus oiriúnacht na hasbhainte sin. Ní cheadófar aon asbhaint i gcás nach gcomhlíontar aon cheann de na coinníollacha sin a thuilleadh.

9. I gcás ina measann an Coimisiún nár comhlíonadh ceann amháin nó níos mó de na coinníollacha a leagtar amach i mír 3, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí fhiosrúcháin, fíorúcháin, cigireachtaí uathrialacha nó iniúchtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún de bhun Airteagail 96, 98, 99 agus 100 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, nó go bhfuil an fhaisnéis a sholáthraítear faoi mhír 4 neamhiomlán, ní cheadóidh sé an asbhaint agus cuirfidh sé an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann ar an eolas faoi sin gan mhoill.

10. Ón 10 Eanáir 2030 ní bheidh feidhm ag aon asbhaint i gcás uisce agus oighir, ach amháin i gcás ina gceadaíonn an Coimisiún é sin de bhun mhíreanna 2 go 7.

Airteagal 7

Rochtain ag na húdaráis inniúla

1. Nuair a dhéantar táirgí iascaigh a mheá arna dtabhairt i dtír nó tar éis a n-iompair, soláthróidh oibreoirí meáite údaraithe rochtain iomlán d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar an mheá ar na meá-chórais agus ar na taifid mheáite dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 5.

2. Nuair a dhéantar táirgí iascaigh a mheá ar bord, i gcomhréir le hIarscríbhinn IV, soláthróidh oibreoirí meáite údaraithe rochtain iomlán ar na meá-chórais agus ar na taifid mheáite dá dtagraítear in Airteagail 3, 4 agus 5 d'údaráis inniúla an Bhallstáit brataí nó d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina dtugtar na gabhálacha i dtír.

Airteagal 8

Cláir náisiúnta um rialú agus tagarmharcanna chun meá a rialú agus chun cigireacht a dhéanamh uirthi

1. Áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar ina gcláir náisiúnta um rialú arna mbunú de bhun Airteagal 93a de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 bearta tiomnaithe chun na rialacha a leagtar amach sa Chaibidil seo agus in Iarscríbhinní I go VI a ghabhann leis an Rialachán seo a rialú agus a iniúchadh.

2. Leis na bearta dá dtagraítear i mír 1, déanfar foráil, ar a laghad, do chigireachtaí gan réamhfhógra lena gcumhdófar méid nach lú ná 5 % de na cainníochtaí uile a thugtar i dtír agus 3 % de na gabhálacha uile a thugtar i dtír, sa Bhallstát is cigire, in aghaidh na bliana féilire, agus aon bheart rialaithe agus cigireachta maidir le meá a leagtar amach i gclár sonrach maidir le rialú agus cigireacht arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 95 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 á chur san áireamh.

3. Déanfar spriocanna na gcigireachtaí gan réamhfhógra dá dtagraítear i mír 2 a shainaithint ar bhonn measúnú riosca, agus na tosca seo a leanas ar a laghad á gcur san áireamh, i gcás inarb infheidhme:

(a) an líon agus an toirt ard táirgí iascaigh a thugtar i dtír, bídís meáite ar bord, tráth an tabhairt i dtír nó tar éis iad a n-iompair;

(b) an líon sáruithe ag máistrí, oibreoirí meáite údaraithe, agus iompróirí;

(c) an líon íseal agus an cineál rialuithe iompair a dhéantar sna Ballstáit ina dtugtar na gabhálacha i dtír agus sna Ballstáit idirthurais agus cinn scríbe;

(d) infhaighteacht chuóta le haghaidh na soithí iascaireachta a thugann gabhálacha i dtír a mheáitear ar bord, tráth an tabhairt i dtír nó tar éis iompair;

(e) neamhúsáid boscaí nó coimeádán caighdeánaithe ag na soithí as a dtionscnaíonn na táirgí iascaigh;

(f) luaineacht i leibhéil na bpraghsanna margaidh le haghaidh na dtáirgí iascaigh arna dtabhairt i dtír;

(g) luchtú nó díluchtú ag ilsuíomhanna glactha nó fágála le haghaidh táirgí iascaigh a mheáitear tar éis a n-iompair faoi Airteagal 60(3)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(h) neamhúsáid séalaí nó modhanna eile chun an riosca ionramhála lasta a chosc;

(i) an riosca nach gcomhlíonfar aon choinníoll maidir le húsáid na hasbhainte uisce agus oighir is infheidhme;

(j) an riosca nach gcomhlíonfar na coinníollacha maidir le húsáid maoluithe arna bhformheas faoi Airteagal 60(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009; agus

(k) gan na dearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír, na taifid mheáite agus na doiciméid iompair a bheith curtha isteach, iad a chur isteach go déanach, nó míthuairisciú a dhéanamh orthu.

CAIBIDIL II

Pleananna samplála, plean rialaithe agus clár comhchoiteann um rialú a ghlacadh

Airteagal 9

Pleananna samplála, plean rialaithe agus clár comhchoiteann um rialú a ghlacadh

1. I gcomhréir le hAirteagal 60(10) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, glacann an Coimisiún leis seo na pleananna samplála, an plean rialaithe agus an clár coiteann um rialú seo a leanas:

(a) an plean samplála um tháirgí iascaigh a thugtar i dtír a mheá bíodh siad sórtáilte nó neamhshórtáilte, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) an plean samplála um tháirgí iascaigh reoite a mheá, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) an plean samplála um tháirgí iascaigh a mheáitear ar bord, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(d) an plean rialaithe um tháirgí iascaigh úra a mheá tar éis a n-iompair i gcríoch an Bhallstáit inar tugadh na gabhálacha i dtír, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo; agus

(e) an clár comhchoiteann um rialú chun táirgí iascaigh úra a mheá tar éis iad a iompar ón mBallstát ina dtugtar i dtír iad chuig ceann scríbe i gcríoch Ballstáit eile, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. I gcás ina ndéanann siad iarratas ar fhormheas de bhun Airteagal 10, úsáidfidh na Ballstáit na pleananna samplála, an plean rialaithe agus an clár coiteann um rialú arna nglacadh i gcomhréir le mír 1. Sna pleananna samplála, sna pleananna rialaithe agus sna cláir choiteanna um rialú a chuirtear isteach lena bhformheas, féadfar bearta idirthréimhseacha is infheidhme go dtí an 10 Eanáir 2028 a áireamh, d'fhonn aistriú rianúil chuig na córais mheáite nua a áirithiú.

3. Cuirfear na pleananna samplála, an plean rialaithe agus an clár comhchoiteann um rialú a glacadh dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 3 go 8.

CAIBIDIL III

Formheas na meáite ar thabhairt i dtír, ar bord nó tar éis iompair i gcomhréir le pleananna samplála, pleananna rialaithe nó cláir chomhchoiteanna um rialú

Airteagal 10

Iarratais ó na Ballstáit a chur isteach

1. Féadfaidh Ballstát amháin nó níos mó ('an Ballstát iarrthach nó na Ballstáit iarrthacha') iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin chun an formheas a fháil le go bhféadfar táirgí iascaigh a mheá arna dtabhairt i dtír, ar bord nó tar éis iad a iompar, i gcomhréir leis na pleananna samplála, le plean rialaithe nó le clár comhchoiteann um rialú arna ghlacadh faoi Airteagal 9, faoi réir an nós imeachta a leagtar síos sa Chaibidil seo.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas san iarratas dá dtagraítear i mír 1:

(a) sonraí teagmhála údarás inniúil gach Ballstáit atá freagrach as an iarratas;

(b) an maolú sonrach/na maoluithe sonracha dá bhforáiltear in Airteagal 60(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, mar aon leis an bplean samplála ábhartha, an plean rialaithe ábhartha agus an clár comhchoiteann um rialú ábhartha a bhunaítear i gcomhréir leis an Iarscríbhinn ar leith a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) gealltanas an Bhallstáit iarrthaigh nó na mBallstát iarrthach an plean samplála, an plean rialaithe nó an clár comhchoiteann um rialú ábhartha a chomhlíonadh;

(d) mionsonraí maidir le haon choinníoll malartach a mholtar faoi Roinn D d'Iarscríbhinn II, Roinn E d'Iarscríbhinn III, Roinn D d'Iarscríbhinn IV, Roinn F d'Iarscríbhinn V, agus Roinn F d'Iarscríbhinn VI;

(e) i gcás inarb iomchuí, na cúiseanna a bhfuil údar cuí leo maidir leis an bhfáth a bhfuil gá le haon bheart idirthréimhseach dá dtagraítear in Airteagal 9(2); agus

(f) aon fhaisnéis eile a mheasann an Ballstát iarrthach a bheith ábhartha.

Airteagal 11

Measúnú ón gCoimisiún

1. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar iarratais a chuirtear isteach i gcomhréir le hAirteagal 10(1) chun an méid seo a leanas a chinneadh:

(a) an bhfuil an fhaisnéis ábhartha uile a cuireadh isteach de bhun Airteagal 10(2) iomlán agus cruinn;

(b) an gcomhlíontar aon choinníoll malartach a mholtar faoi Roinn D d'Iarscríbhinn II, Roinn E d'Iarscríbhinn III, Roinn D d'Iarscríbhinn IV, Roinn F d'Iarscríbhinn V, agus Roinn F d'Iarscríbhinn VI;

(c) an bhfuil údar le haon bheart idirthréimhseach dá dtagraítear in Airteagal 9(2).

2. Más rud é, laistigh de 6 mhí tar éis dó iarratas a fháil, go measann an Coimisiún nach leordhóthanach an fhaisnéis, na bearta agus na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1 nó nach féidir iad a chomhlíonadh, iarrfaidh an Coimisiún ar an mBallstát iarrthach/ar na Ballstáit iarrthacha a iarratas/a n-iarratas a athbhreithniú agus a líonadh isteach laistigh de thréimhse réasúnach ama, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 6 mhí ó thráth na hiarrata.

Airteagal 12

Torthaí an mheasúnaithe

1. Iarratais a chuirfear isteach i gcomhréir le hAirteagal 10(1), formheasfar iad má mheasann an Coimisiún go gcomhlíontar na ceanglais dá bhforáiltear faoi Airteagal 1(1). Cuirfidh an Coimisiún an Ballstát iarrthach/na Ballstáit iarrthacha ar an eolas gan mhoill agus leanfaidh sé ar aghaidh leis an bhformheas, i gcomhréir le hAirteagal 60(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, a fhanfaidh i bhfeidhm ar feadh tréimhse 5 bliana as a chéile.

2. Diúltófar d'iarratais a chuirtear isteach i gcomhréir le hAirteagal 10(1), tar éis comhairliúchán roimh ré leis an mBallstát iarrthach/na Ballstáit iarrthacha, más rud é:

(a) nár comhlíonadh na ceanglais dá bhforáiltear faoi Airteagal 11(1);

(b) nár líon an Ballstát iarrthach/na Ballstáit iarrthacha an t-iarratas isteach i gcomhréir leis an iarraidh dá dtagraítear in Airteagal 10; nó

(c) go bhfuil fianaise ag an gCoimisiún ar neamhchomhlíonadh córasach na rialacha maidir le meá agus clárú gabhálacha, lena n-áirítear é sin a fháil trí fhiosrúcháin, fíorúcháin, cigireachtaí uathrialacha nó iniúchtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagail 96, 98, 99 agus 100 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

3. Nuair a dhiúltaítear d'iarratais, féadfar iarratas nua a chur isteach faoi na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos sa Chaibidil seo.

4. De mhaolú ar mhír 1, i gcás ina mbeidh fianaise ann ar neamhchomhlíonadh córasach na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 11(1), lena n-áirítear é sin a fháil trí fhiosrúcháin, fíorúcháin, cigireachtaí uathrialacha nó iniúchtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagail 96, 98, 99 agus 100 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus tar éis comhairliúchán leis an mBallstát iarrthach/leis na Ballstáit iarrthacha, féadfaidh an Coimisiún an formheas a chur ar fionraí nó a chúlghairm.

Airteagal 13

Iarratais fhormheasta a mhodhnú agus a athnuachan

1. Féadfaidh an Ballstát iarrthach\na Ballstáit iarrthacha a iarraidh go modhnófar na hiarratais fhormheasta ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas maidir leis an modhnú:

(a) go bhfuil údar cuí leis de bharr athruithe substaintiúla a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 11(1);

(b) go bhfuil sé comhsheasmhach le hiarraidh ar choinníollacha malartacha faoi Roinn D d'Iarscríbhinn II, Roinn E d'Iarscríbhinn III, Roinn D d'Iarscríbhinn IV, Roinn F d'Iarscríbhinn V, agus Roinn F d'Iarscríbhinn VI; agus

(c) go bhfuil sé faoi réir mheasúnú agus fhormheas an Choimisiúin, mar a leagtar síos in Airteagail 11 agus 12.

2. Féadfaidh an Ballstát iarrthach/na Ballstáit iarrthacha athnuachan an mhaolaithe fhormheasta a iarraidh chun meá a cheadú i gcomhréir le plean samplála, plean rialaithe nó clár comhchoiteann um rialú ar feadh tréimhse bhreise 5 bliana as a chéile, tráth nach déanaí ná bliain amháin roimh dhul in éag na tréimhse 5 bliana dá dtagraítear in Airteagal 12(3) agus faoi réir Airteagal 12(4), ar choinníoll nár modhnaíodh an t-iarratas lena mbaineann faoi mhír 1.

TEIDEAL III

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 14

Cosaint agus próiseáil sonraí pearsanta

Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfar sonraí pearsanta a bhailítear faoin Rialachán seo a phróiseáil ach amháin i gcomhréir le hAirteagal 112 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

Airteagal 15

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 11 Eanáir 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Lúnasa 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Íoscheanglais le haghaidh meá-chóras

A. **Ceanglais ghinearálta**

1. Maidir leis na meá-chórais:

(a) beidh siad iomchuí chun táirgí iascaigh a mheá go cruinn, ag brath ar an gcineál iascaigh, ar na cainníochtaí a thugtar i dtír, ar an gcur i láthair, agus ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar na táirgí iascaigh a mheá ar bord;

(b) cuirfear ar dhromchla cobhsaí agus comhréidh iad, cé is moite de scálaí crochta a úsáidtear chun táirgí iascaigh a mheá nó meá-chórais a úsáidtear chun meá a dhéanamh ar bord faoi Iarscríbhinn IV, ar choinníoll go mbeidh na scálaí agus na córais sin ina stad tráth na meáite agus nach ndéanfaidh aon luascadh difear do chruinneas thorthaí na meáite; agus

(c) cuirfear ag nialas iad le haghaidh gach bosca, coimeádáin agus pailléid atá in úsáid, nó, i gcás inar féidir go teicniúil, réamhchlárófar iad i gcomhréir le meáchan gan ualach mhonaróir an bhosca, an choimeádáin nó an phailléid.

B. **Ceanglais shonracha**

2. Aon uair a úsáidtear meá-chóras creasa iompair:

(a) déanfar é a shuiteáil ar bhealach a áiritheoidh go rachaidh na táirgí iascaigh uile a théann isteach i saoráid mheáite tríd an meá-chóras iomchuí;

(b) ón 10 Eanáir 2030 ar aghaidh beidh sé feistithe le feidhmiúlacht lena gcumasófar:

(i) an úsáideoir chun faireachán a dhéanamh ar an stádas oibríochtúil agus aon chliseadh teicniúil nó neamhfheidhmiú de chuid an chórais a bhrath, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí fhógraí earráide nó foláirimh; agus

(ii) oibreoirí meáite údaraithe agus oifigigh chun aon chúbláil dhigiteach ar thorthaí na meáite a bhrath, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí fhógraí earráide nó foláirimh;

(c) beidh sé feistithe leis an méid seo a leanas:

(i) córas lena n-áirithítear taifeadadh an áiritheora ag tús agus ag cur i gcrích gach oibríochta meáite agus iomlán carnach an mheáchain, le líon reatha iomlán 8 ndigit ar a laghad;

(ii) feidhm stoptha uathoibríoch chun a áirithiú nach dtéann aon táirge iascaigh tríd an meá-chóras i gcás cliseadh teicniúil nó neamhfheidhmiú;

(iii) feidhm socraithe nialais atá le hathshocrú sula ndéanfar gach tabhairt i dtír a mheá agus, ina dhiaidh sin, ar mhinicíocht a chinnfidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar an mheá;

(d) beidh an t-áiritheoir suite i suíomh a bheidh infheicthe ón aonad meáite;

(e) taifeadfaidh an t-oibreoir meáite údaraithe gach úsáid a bhaintear as an gcóras, lena n-áirítear teagmhais amhail cothabháil, ceadú, athritú agus níochán; agus

(f) ní bheidh cumais chianrochtana aige. Ní cheadaítear aon nasc sonraí, cibé acu trí Wi-Fi nó Ethernet, ach amháin más féidir a áirithiú go bhfuil na sonraí maidir le meá arna mbailiú ag an gcóras slán agus cosanta ar aon riosca cúblála.

3. Aon uair a úsáidtear meá-chóras baisce:

(a) comhlíonfaidh sé na ceanglais uile a leagtar síos i bpointí 2(a), (b), (d), (e) agus (f); agus

(b) beidh sé feistithe leis an méid seo a leanas:

(i) áiritheoir infheicthe lena n-áirithítear taifeadadh an áiritheora le haghaidh gach tabhairt i dtír ón tús go dtí go gcríochnófar gach oibríocht mheáite agus an meáchan iomlán carnach, le líon reatha iomlán 8 ndigit ar a laghad;

(ii) feidhm stoptha uathoibríoch chun a áirithiú nach dtéann aon táirge iascaigh tríd an meá-chóras i gcás cliseadh teicniúil nó neamhfheidhmiú;

(iii) feidhm socraithe nialais atá le hathshocrú sula ndéanfar gach tabhairt i dtír a mheá agus, ina dhiaidh sin, ar mhinicíocht a chinnfidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar an mheá; agus

(iv) brathadóir haiste nó braiteoirí meáite chun saorshreabhadh neamhbhraite ábhair neamh-mheáite tríd an mbaisc a chosc.

4. Aon uair a úsáidtear meá-chóras droichid meáite agus mura féidir taifeadadh digiteach a dhéanamh, beidh sé in ann duillín meáite a eisiúint ina léireofar ollmheáchan agus glanmheáchan gach oibríochta meáite, dáta agus am na meá, agus uimhir aitheantais an aonaid iompair a meádh. Coinneoidh an t-oibreoir meáite údaraithe cóip den duillín meáite agus cuirfidh sé ar fáil do na húdaráis inniúla í arna iarraidh sin.

5. Aon uair a úsáidtear meá-chórais neamh-uathoibríocha, lena n-áirítear scálaí, chun pailléid a mheá, beidh siad feistithe le loga uathoibríoch nó leath-uathoibríoch de mheá pailléid ar a laghad.

6. Aon uair a úsáidtear córais criathar druma chun uisce a dhraenáil sula ndéantar gabhálacha atá beartaithe chun críoch tionsclaíoch a mheá, beidh feidhm ag na híoscheanglais seo a leanas:

(a) le linn tabhairt i dtír, ní rachaidh na táirgí a thugtar i dtír ach trí chriathar druma amháin chun uisce a dhraenáil sula ndéanfar iad a mheá;

(b) ní bheidh níos mó ná 10 mm sna poill scagtha sa chriathar druma; ní bheidh níos mó ná 1 700 mm i dtrastomhas inmheánach an chriathair druma;

(c) ní rachaidh fad iomlán na gcriathar roimh mheá, gan na criosanna iompair san áireamh, thar 11 mhéadar;

(d) ní rachaidh luas rothlaithe an chriathair druma thar 28 n-imrothlú in aghaidh an nóiméid;

(e) ní rachaidh an t-achar oscailte solais sa chuid scagtha thar 45 %.

7. Aon uair a úsáidtear córais draenála creasa chun uisce a dhraenáil sula ndéantar gabhálacha atá beartaithe chun críoch tionsclaíoch a mheá, beidh feidhm ag na híoscheanglais seo a leanas:

(a) sa chriathar tosaigh, ní bheidh níos mó ná 10 mm sa spásáil barraí ná sna poill scagtha;

(b) beidh idir 1.8 agus 2.5 méadar i leithead an chreasa cruach iompair;

(c) ní bheidh níos lú ná 2.6 méadar i bhfad an chreasa cruach iompair ná ní bheidh níos mó ná 10 méadar ann.

8. Ón 10 Eanáir 2030 ar aghaidh feisteofar na meá-chórais seo a leanas le feidhm phriontála chun lipéid nó duillíní meáite a ghiniúint, mura féidir taifeadadh digiteach a dhéanamh:

(a) meá-chórais dá dtagraítear i bpointí 2 agus 3, i gcás ina bhfuil lipéadú ina cheanglas faoin Rialachán seo; agus

(b) meá-chórais droichid meáite dá dtagraítear i bpointe 4.

IARSCRÍBHINN II

Plean samplála um meá táirgí iascaigh a thugtar i dtír agus iad sórtáilte nó neamhshórtáilte

Leagtar síos leis an bplean samplála seo na coinníollacha íosta maidir le meá táirgí iascaigh ó iascach peiligeach beag, bídís á dtabhairt i dtír sórtáilte nó neamhshórtáilte, táirgí iascaigh atá beartaithe chun críoch tionsclaíoch, agus táirgí iascaigh grinnill a thugtar i dtír i mboscaí caighdeánaithe, i gcomhréir le maolú arna fhormheas faoi Airteagal 60(3)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

A. **Rialacha ginearálta**

1. Beidh an maolú maidir le meá faoi Airteagal 60(3)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo agus na rialacha a leagtar síos in Airteagail 3 go 8 den Rialachán seo.

2. Tabharfar táirgí iascaigh a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo i dtír i riocht inar féidir speicis a shainaithint. Gan dochar d'Airteagal 90(3)(b) agus (c) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, i gcás ina dtugtar cainníochtaí i dtír i riocht nach féidir speicis a shainaithint leis mar thoradh ar imthosca speisialta, amhail mífheidhmiú córas cuisneora ar bord, déanfar na cainníochtaí sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, a shannadh do chion gach speicis arna chinneadh trí shampláil arna déanamh i gcomhréir le Roinn B nó trí bhíthin teicneolaíochtaí lena mbaintear torthaí níos fearr nó torthaí coibhéiseacha amach.

B. **Nósanna imeachta**

3. Maidir le táirgí iascaigh a thugtar i dtír agus iad neamhshórtáilte, beidh feidhm ag na modhanna samplála a leagtar síos i bhforanna (i) agus (ii) nó (iii).

4. Maidir le táirgí iascaigh a thugtar i dtír agus iad sórtáilte, beidh feidhm ag na modhanna samplála a leagtar síos i bhforoinn (iii).

5. Beidh bearta i bhfeidhm ag na Ballstáit agus cuirfidh siad chun feidhme iad chun a áirithiú go ndéanfaidh oibreoirí meáite údaraithe samplaí a mheá agus a chlárú i gceart. Beidh sé ina cheanglas de chuid bearta den sórt sin, ar a laghad, go mbeidh gach sampla inaitheanta, lipéadaithe agus scartha ón gcuid eile de na táirgí iascaigh ar feadh 2 uair an chloig ar a laghad tar éis samplála nó suas go dtí deireadh na meáite. Léireofar ar lipéid glanmheáchan gach cainníochta de gach speiceas i gcás gach sampla.

(i) ***Rialacha chun comhdhéanamh gabhála táirgí iascaigh neamhshórtáilte a chinneadh***

6. Baileoidh oibreoirí meáite údaraithe samplaí ina n-aonar agus go tráthrialta le linn an tabhairt i dtír ar fad, ó thús go dtí a chur i gcrích agus roimh shórtáil, agus úsáid á baint as an maitrís/na maitrísí samplamhéide dá dtagraítear i bpointe 8. Beidh na céimeanna seo a leanas ar a laghad i ngach oibríocht samplála:

(a) na táirgí iascaigh uile sa sampla a shórtáil ina speicis chomhábhair;

(b) cainníochtaí gach speicis i ngach sampla a mheá go leithleach, lena n-áirítear speicis foghabhála agus speicis neamh-pheiligeacha; agus

(c) meáchan gach speicis i ngach sampla a thaifeadadh.

7. Cé is moite de tháirgí iascaigh a thugtar i dtír i mboscaí nó i gcoimeádáin, baileofar samplaí trí úsáid a bhaint as córais samplála uathoibríocha nó leath-uathoibríocha a bheidh suite ar an deighilteoir uisce atá in úsáid, nó in áiteanna eile a shainaithneoidh na húdaráis inniúla.

8. Cinnfear an líon iomchuí samplaí, de réir na gcainníochtaí a thugtar i dtír, ar bhonn maitrís samplamhéide ionadaíche. Comhlíonfaidh an mhaitrís sin, ar a laghad, an mhodheolaíocht seo a leanas:

MAITRÍSÍ CHUN GABHÁLACHA NEAMHSHÓRTÁILTE TÁIRGÍ IASCAIGH PEILIGEACHA BEAGA a shampláil

Iascach	Limistéar	Cainníochtaí samplaí		Méid an spotsampla
Muir Bhailt HER/SPR	Foranna 22-29 agus 32 gan Murascaill Ríge a chur san áireamh (28.1)	5 shampla le haghaidh 0 – <10 t 7 sampla le haghaidh ≥10 - <20 t 9 sampla le haghaidh ≥20 - <30 t 12 shampla le haghaidh ≥ 30- <40 t 15 shampla le haghaidh ≥40 - <50 t 18 sampla le haghaidh ≥50 - <100 t 21 sampla le haghaidh ≥100 - <300 t	+ Sampla amháin i gcás gach 25 t breise	íosmhéid 2.5 kg
Murascaill na Boitnia HER	Foranna 30, 31	6 shampla le haghaidh 0 - <60 t	+ Sampla amháin le haghaidh gach 25 t breise	íosmhéid 5 kg
Murascaill Ríge HER	Foroinn 28.1	5 shampla le haghaidh 0 - <15 t	+ Sampla amháin le haghaidh gach 5 t breise	íosmhéid 2.5 kg
An Mhuir Thuaidh HER	Foranna 4a-c agus 2a, 3a	5 shampla le haghaidh 0 - <500 t	+ Sampla amháin le haghaidh gach 100 t breise	íosmhéid 10 kg
An Mhuir Thuaidh SPR	Foranna 4a-c agus 3a	5 shampla le haghaidh 0 – <50 t 8 sampla le haghaidh ≥ 50 – <100 t	+ Sampla amháin le haghaidh gach 25 t breise	íosmhéid 10 kg
SAN	Gach limistéar	5 shampla le haghaidh 0 – <200 t	+ Sampla amháin le haghaidh gach 100 t breise	íosmhéid 10 kg
An Mheánmhuir PIL/ANE	An Mheánmhuir Uile	5 shampla le haghaidh 0 – <1 t 6 shampla le haghaidh ≥ 1 – <2 t 7 sampla le haghaidh ≥ 2 – <3 t 8 sampla le haghaidh ≥ 3 – <4 t 9 sampla le haghaidh ≥ 4 – <5 t	+ Sampla amháin le haghaidh gach 2 t breise	íosmhéid 5 kg
NOP / BOC	Gach limistéar	10 sampla le haghaidh 0 – <100 t 15 shampla le haghaidh ≥ 100 – <200 t 20 sampla le haghaidh ≥ 200 – <300 t	+ Sampla amháin le haghaidh gach 50 t breise	íosmhéid 10 kg
WHB	Gach limistéar	5 shampla le haghaidh 0 – <800 t	+ Sampla amháin le haghaidh gach 100 t breise	íosmhéid 10 kg

MAC	Gach limistéar	12 shampla le haghaidh 0 – <300 t	+ Sampla amháin le haghaidh gach 25 t breise	íosmhéid 20 kg
HOM	Gach limistéar	8 sampla le haghaidh 0 – <50 t	+ Sampla amháin le haghaidh gach 15 t breise	íosmhéid 15 kg
An tAtlantach HER	Gach limistéar gan an Mhuir Thuaidh ná Muir Bhailt a chur san áireamh	5 shampla le haghaidh 0 – <50 t	+ Sampla amháin le haghaidh gach 20 t breise	íosmhéid 20 kg
Cineálach le haghaidh iascach nach bhfuil cumhdaithe thuas	Gach limistéar	5 shampla le haghaidh 0 – <10 t		íosmhéid 10 kg
		≥ 10 – <250 t	+ sampla amháin le haghaidh gach 10 t breise	
		≥ 250 – <500 t	+ Sampla amháin le haghaidh gach 50 t breise	
		≥ 500 t	+ Sampla amháin le haghaidh gach 100 t breise	

9. Má sháraíonn na cainníochtaí a sampláladh toirt íosta an spotsampla a léirítear sa mhaitrís samplála dá dtagraítear i bpointe 8, úsáidfear iad ina n-iomláine agus ní laghdófar iad.

10. Chun comhdhéanamh gabhála na dtáirgí iascaigh uile a thugtar i dtír a chinneadh, is mar a leanas a bheidh an nós imeachta:

(a) taifead a dhéanamh den líon iomlán samplaí a bailíodh faoi phointe 8 le huimhriú seicheamhach agus tráth na samplála;

(b) meáchan (in kg) gach cainníochta de gach speiceas in aghaidh an tsampla agus meáchan iomlán an tsampla a ríomh agus a thaifeadadh; agus

(c) meáchan comhiomlánaithe (in kg) agus cion gach cainníochta de gach speiceas a ríomh agus a thaifeadadh le haghaidh chomhthorthaí na samplála, lena n-áirítear speicis foghabhála agus speicis neamhpheiligeacha.

11. Déanfar meáchan na samplaí uile a áireamh i meáchan iomlán na dtáirgí iascaigh arna dtabhairt i dtír.

(ii) ***Rialacha chun meáchan iomlán na dtáirgí iascaigh a thugtar i dtír neamhshórtáilte gan meá shamplála a chinneadh***

12. Féadfar meáchan iomlán na gcainníochtaí neamhshórtáilte uile a thugtar i dtír a chinneadh gan meá shamplála mar a leanas:

(a) i gcás ina dtugtar táirgí iascaigh i dtír i gcoimeádáin, cinnfear an meáchan iomlán trí na coimeádáin uile a mheá agus an meáchan comhfhreagrach gan ualach a asbhaint. Is é meáchan gan ualach sonraithe an mhonaróra an meáchan gan ualach atá ceadaithe;

(b) i gcás ina ndéantar táirgí iascaigh a mheá ar chrios iompair nó ar mheá-chórais baisce:

(i) is é an t-iomlán carnach tosaigh a thaispeánfar a bheidh san fhigiúr tosaigh a thaifeadtar;

(ii) is é an t-iomlán carnach a thaispeánfar tar éis na meáite a bheidh san fhigiúr deiridh a thaifeadfar; agus

(iii) is í an difríocht idir na figiúirí i bpointí (i) agus (ii) a bheidh i meáchan na n-iasc.

(c) i gcás ina ndéantar táirgí iascaigh a mheá ar dhroichid mheáite, is éard a bheidh sa mheáchan taifeadta an difríocht idir an t-aonad iompair gan iasc agus an t-aonad iompair a luchtaítear le héisc.

13. Is éard a bheidh sa mheáchan iomlán a thaispeánfar ar an meá-chóras, in éineacht le meáchan aon sampla arna bhailiú i gcomhréir le pointe 8 thuas, meáchan comhiomlán iomlán na dtáirgí iascaigh uile a tugadh i dtír. Gheofar meáchan iomlán na dtáirgí iascaigh uile in aghaidh an speicis a thugtar i dtír trí chion gach speicis, arna chinneadh i gcomhréir le pointe 8, a eachtarshuí go dtí meáchan iomlán na gcainníochtaí neamhshórtáilte uile a thugtar i dtír, arna chinneadh i gcomhréir le pointe 12.

(iii) ***Rialacha chun meáchan iomlán táirgí iascaigh sórtáilte agus neamhshórtáilte a chinneadh trí bhíthin meá shamplála boscaí caighdeánaithe agus coimeádán caighdeánaithe***

14. Baileoidh oibreoirí meáite údaraithe samplaí de bhoscaí caighdeánaithe nó de choimeádáin chaighdeánaithe ar leithligh agus go tráthrialta le linn an tabhairt i dtír ar fad, ó thús go cur i gcrích, agus úsáid á baint as an maitrís samplamhéide dá dtagraítear i bpointí 17 agus 19. Beidh na céimeanna seo a leanas ar a laghad i ngach oibríocht samplála:

(a) gach bosca caighdeánaithe nó coimeádán caighdeánaithe a sampláladh tráth an tabhairt i dtír a mheá;

(b) meánmheáchan na mboscaí caighdeánaithe nó na gcoimeádán caighdeánaithe a thugtar i dtír a ríomh trí mheáchan carnach na mboscaí nó na gcoimeádán sampláilte uile a roinnt ar an líon boscaí caighdeánaithe nó coimeádán caighdeánaithe a sampláladh;

(c) an t-uasdiall ón meánmheáchan laistigh den sampla a ríomh, arna chinneadh mar an dearbhchéatadán is airde a eascraíonn as an difríocht idir meáchan aon bhosca chaighdeánaithe aonair nó aon choimeádáin chaighdeánaithe aonair a shampláiltear tráth an tabhairt i dtír agus an meánmheáchan arna ríomh i gcomhréir le fophointe (b), a roinnt ar an meánmheáchan sin agus an toradh a iolrú faoi 100;

(d) ollmheáchan iomlán na mboscaí caighdeánaithe nó na gcoimeádán caighdeánaithe a ríomh tríd an meánmheáchan arna chinneadh faoi fhophointe (b) a iolrú faoin líon iomlán boscaí caighdeánaithe nó coimeádán caighdeánaithe a tugadh i dtír; agus

(e) i gcás táirgí iascaigh peiligeacha beaga neamhshórtáilte a thugtar i dtír i gcoimeádáin chaighdeánaithe, gheofar cainníochtaí iomlána gach speicis a thugtar i dtír trí chion na speiceas atá sna táirgí iascaigh a fuarthas trí shampláil a eachtarshuí chun comhdhéanamh na gabhála a shuí faoi fhoroinn (i) go dtí meáchan iomlán na dtáirgí iascaigh uile a thugtar i dtír, arna chinneadh trí mhodhanna samplála agus úsáid á baint as an maitrís samplamhéide dá dtagraítear i bpointe 17.

15. Cinnfear an líon iomchuí samplaí, de réir na gcainníochtaí a thugtar i dtír, ar bhonn maitrís samplamhéide ionadaíche i gcomhréir le pointí 17 agus 19.

16. I gcás táirgí iascaigh peiligeacha beaga neamhshórtáilte nó sórtáilte a thugtar i dtír i mboscaí caighdeánaithe nó i gcoimeádáin chaighdeánaithe, féadfar modheolaíocht samplála dhá chéim a chur i bhfeidhm:

(a) déantar an chéad sampla a mheá trí úsáid a bhaint as an maitrís samplála le haghaidh Shampla I dá dtagraítear i bpointe 17;

(b) i gcás ina gclaonann meánmheáchan boscaí caighdeánaithe nó coimeádán caighdeánaithe ina bhfuil táirgí iascaigh peiligeacha beaga neamhshórtáilte nó sórtáilte arna gcinneadh i gcomhréir le Sampla I níos mó ná 5 % ó aon mheáchan aonair i measc na mboscaí nó na gcoimeádán sampláilte, déanfar boscaí caighdeánaithe breise nó coimeádáin chaighdeánaithe bhreise a mheá de réir na maitríse samplála le haghaidh Shampla II dá dtagraítear i bpointe 17;

(c) Is éard a bheidh i Sampla II na boscaí nó na coimeádáin ó Shampla I arna bhforlíonadh leis an líon boscaí nó coimeádán is gá chun méid an tsampla a shonraítear le maitrís Shampla II a bhaint amach;

(d) i gcás ina gclaonann meánmheáchan boscaí caighdeánaithe nó coimeádán caighdeánaithe le táirgí iascaigh peiligeacha beaga neamhshórtáilte nó sórtáilte arna gcinneadh i gcomhréir le Sampla I agus Sampla II níos mó ná 7,5 % ó aon mheáchan aonair i measc na mboscaí nó na gcoimeádán sampláilte, déanfar na boscaí caighdeánaithe nó na coimeádáin chaighdeánaithe uile de tháirgí iascaigh a mheá go hiomlán arna dtabhairt i dtír.

17. Faoi réir phointe 16, i gcás táirgí iascaigh peiligeacha beaga neamhshórtáilte nó sórtáilte a thugtar i dtír i mboscaí caighdeánaithe nó i gcoimeádáin chaighdeánaithe, beidh an mhodheolaíocht samplála dhá chéim bunaithe, ar a laghad, ar an maitrís seo a leanas, chun na cainníochtaí foriomlána a thugtar i dtír a chinneadh:

TÁIRGÍ IASCAIGH PEILIGEACHA BEAGA NEAMHSHÓRTÁILTE NÓ SÓRTÁILTE		
An líon iomlán boscaí caighdeánaithe nó coimeádán caighdeánaithe a thugtar i dtír	Samplamhéid I (an líon boscaí caighdeánaithe nó coimeádán caighdeánaithe)	Samplamhéid II (an líon boscaí caighdeánaithe nó coimeádán caighdeánaithe)
10 nó níos lú	4	6
11 – 20	5	8
21 – 30	5	10
31 – 40	5	10
41 – 50	5	11
51 – 60	6	11
61 – 70	6	11
71 – 80	6	11
81 – 90	6	12
91 – 100	6	12
Gach 100 bosca nó coimeádán breise	+ 1	+ 1

18. I gcás táirgí iascaigh grinnill a thugtar i dtír i mboscaí caighdeánaithe, féadfar modheolaíocht samplála dhá chéim a chur i bhfeidhm:

(a) déantar an chéad sampla a mheá trí úsáid a bhaint as an maitrís samplála le haghaidh Shampla I dá dtagraítear i bpointe 19;

(b) i gcás ina gclaonann meánmheáchan boscaí caighdeánaithe le táirgí iascaigh grinnill i Sampla I níos mó ná 5 % ó aon mheáchan aonair i measc na mboscaí sampláilte, déanfar boscaí caighdeánaithe breise a mheá de réir na maitríse samplála le haghaidh Shampla II dá dtagraítear i bpointe 19;

(c) Is éard a bheidh i Sampla II na boscaí ó Shampla I arna bhforlíonadh leis an líon boscaí is gá chun méid an tsampla a shonraítear le maitrís Shampla II a bhaint amach;

(d) i gcás ina gclaonann meánmheáchan boscaí caighdeánaithe le táirgí iascaigh grinnill i Sampla I agus i Sampla II níos mó ná 10 % ó aon mheáchan aonair i measc na mboscaí sampláilte, déanfar na boscaí caighdeánaithe uile de tháirgí iascaigh a mheá go hiomlán arna dtabhairt i dtír.

19. Faoi réir phointe 18, le haghaidh táirgí iascaigh grinnill a thugtar i dtír i mboscaí caighdeánaithe, beidh an modheolaíocht samplála dhá chéim bunaithe, ar a laghad, ar an maitrís seo a leanas, chun na cainníochtaí foriomlána a thugtar i dtír a chinneadh:

TÁIRGÍ IASCAIGH GRINNILL		
An líon iomlán boscaí caighdeánaithe a tugadh i dtír	Samplamhéid I (an líon boscaí caighdeánaithe)	Samplamhéid II (an líon boscaí caighdeánaithe)
5 nó níos lú	Gach ceann	Gach ceann
5 – 10	5	Gach ceann
11 – 20	5	11
21 – 30	5	14
31 – 40	5	15
41 – 50	5	16
51 – 60	6	17
61 – 70	6	18
71 – 80	6	19
81 – 90	6	19
91 – 100	6	20
101 – 150	Ní bhaineann le hábhar	21
Gach 100 bosca caighdeánaithe breise	+ 1	+2

C. **Bearta chun comhlíonadh a áirithiú**

20. Déanfaidh na Ballstáit faireachán éifeachtach ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo ag na céimeanna uile sa phróiseas samplála agus áiritheoidh siad go mbeidh daoine nádúrtha a dhéanann sáruithe ar na rialacha seo, agus daoine dlítheanacha a chuirtear faoi dhliteanas ina leith, faoi réir smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha agus bearta forfheidhmiúcháin eile, i gcomhréir le Teideal VIII de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

21. Déanfar na nósanna imeachta dá dtagraítear i Roinn B faoi cheann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) i láthair oifigeach;

(b) i saoráidí meáite atá faoi úinéireacht phoiblí go hiomlán nó go páirteach nó a oibrítear go poiblí go hiomlán nó go páirteach agus atá faoi réir sásraí tiomnaithe rialaithe, cigireachta agus trédhearcachta, chun aon choinbhleacht leasa dhíreach nó indíreach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú neamhchlaonta a gcúraimí a eisiamh;

(c) ag meádóirí neamhspleácha tríú páirtí a chomhlíonann na coinníollacha íosta a leagtar síos in Airteagal 3(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474 ón gCoimisiún [1], faoi réir sásraí tiomnaithe rialaithe, cigireachta agus trédhearcachta;

(d) faoi réir bearta rialaithe malartacha a iarrtar faoi phointe 23, bunaithe ar bhainistiú riosca agus comhlíonadh Roinn B á áirithiú, amhail córas cianfhaireacháin leictreonaigh (CFL) le teilifís ciorcaid iata (TCI) nó teicneolaíocht choibhéiseach a úsáid. Cuirfear na bearta sin faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(d).

[1] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2024 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 14(4), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le maolú ar an gcorrlach lamháltais chun meastachán a dhéanamh ar ghabhálacha le haghaidh tabhairt i dtír agus trasloingsithe neamhshórtáilte ó iascaigh pheiligeacha bheaga, iascaigh thionsclaíocha, agus iascaigh pheas-saighne tuinníní trópaiceacha (IO L, 2024/1474, 27.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1474/oj).

22. Nuair a úsáidtear córais CFL ag a bhfuil TCInna, i gcomhréir le pointe 21(d), déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar an mheá an méid seo a leanas:

(a) athbhreithniú a dhéanamh ar a suiteáil chun éifeachtacht na gcóras sin a áirithiú chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí meáite, samplála agus cláraithe gabhálacha;

(b) rochtain a bheith acu ar na córais agus ar thaifid, arna iarraidh sin; agus

(c) athbhreithniú a dhéanamh ar líon íosta na dtaifead TCI mar chuid de na bearta rialaithe agus cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 8.

D. **Dálaí malartacha**

23. Féadfaidh na Ballstáit coinníollacha malartacha seachas na coinníollacha sin a leagtar síos i bpointí 6, 7, 8, 10, 16 go 19 agus 21 den Iarscríbhinn seo a iarraidh, ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go baineann na coinníollacha malartacha sin le cásanna speisialta a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(i) soithí gabhála ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán;

(ii) cainníochtaí beaga a thugtar i dtír, a mheáitear nó a iompraítear;

(iii) na torthaí ó staidéir eolaíocha neamhspleácha nó ó chomhlachtaí atá aitheanta ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta;

(iv) meáchan idirbhosca na dtáirgí iascaigh a thugtar i dtír i mboscaí caighdeánaithe;

(v) staid phróiseála na dtáirgí iascaigh;

(vi) táirgí iascaigh nach bhfuil faoi réir cuóta nó iascach atá sonrach do Bhallstáit;

(vii) oibreoirí meáite údaraithe; nó

(viii) úsáid na teicneolaíochta nua; agus

(b) an leibhéal céanna cruinnis nó leibhéal níos airde cruinnis a áirithiú maidir le torthaí meáite agus cláraithe gabhálacha.

24. Féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt gabhálacha speiceas nach bhfuil faoi réir bhearta caomhnaithe an Aontais, ó iascach beag peiligeach agus grinnill a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo, a thugtar i dtír neamhshórtáilte agus nach mó ná 100 kg a meáchan iomlán, a shampláil trí úsáid a bhaint as modheolaíocht mhalartach samplamhéide seachas an ceann dá dtagraítear i bpointí 8, 17 agus 19 agus as nósanna imeachta gaolmhara. Cuirfear an mhodheolaíocht agus na nósanna imeachta sin faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(d) agus comhlíonfaidh siad na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 23.

IARSCRÍBHINN III

Plean samplála chun táirgí iascaigh reoite a mheá

Leis an bplean samplála sin, leagtar síos na coinníollacha íosta maidir leis na táirgí iascaigh seo a leanas a mheá, i gcomhréir le maolú arna fhormheas faoi Airteagal 60(3)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009:

(a) táirgí iascaigh peiligeacha beaga agus grinnill reoite a thugtar i dtír agus iad sórtáilte i bpailléid chaighdeánaithe; agus

(b) táirgí iascaigh peiligeacha móra reoite a bhfuil meáchan beag aonair iontu ó iascach peas-saighne tuinníní trópaiceacha, a thugtar i dtír neamhshórtáilte.

A. **Rialacha ginearálta**

1. Beidh an maolú maidir le meá faoi Airteagal 60(3)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo agus rialacha eile a leagtar síos in Airteagail 3 go 8 den Rialachán seo.

2. Beidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le táirgí iascaigh reoite speiceas peiligeach beag agus speiceas grinnill a thugtar i dtír i bpailléid chaighdeánaithe, ar choinníoll:

   (a) go cuirfidh an máistir líon iomlán measta na bpailléad sin in iúl d'údaráis inniúla an Bhallstáit ina dtugtar na gabhálacha i dtír sula gcuirfear tús leis an tabhairt i dtír; agus

   (b) go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm agus á gcur chun feidhme ag na Ballstáit ina ndéantar an mheá chun comhaireamh agus sainaithint chruinn na bpailléad caighdeánaithe uile a thugtar i dtír agus a stóráiltear a áirithiú, rud a fhágann gur féidir gach pailléad a rianú go dtí an chéad díolachán.

3. Beidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir leis an gcuid sin den ghabháil táirgí iascaigh peiligeacha móra reoite de mheáchan aonair ó iascach peas-saighne tuinníní trópaiceacha, a thugtar i dtír neamhshórtáilte, nach sáraíonn tairseach a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin agus a chomhaontaítear leis an gCoimisiún, ar choinníoll go ndéantar na cainníochtaí uile nach sáraíonn an tairseach is infheidhme a shórtáil ón gcuid eile den ghabháil, a mheá agus a choinneáil scartha ó tháirgí iascaigh eile, lena n-áirítear táirgí iascaigh peiligeacha móra reoite a sháraíonn an tairseach is infheidhme, go dtí an chéad díolachán.

B. **Nósanna imeachta a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí iascaigh reoite speiceas peiligeach beag agus speiceas grinnill a thugtar i dtír i bpailléid chaighdeánaithe**

4. Áiritheoidh oibreoirí meáite údaraithe go rachaidh na táirgí iascaigh reoite uile a thugtar i dtír atá incháilithe le haghaidh samplála faoin Iarscríbhinn seo trí phointe ainmnithe aonair, áit a ndéanfar na pailléid uile a chomhaireamh agus a thaifeadadh le sásraí uathoibrithe.

5. Chun meánmheáchan pailléad caighdeánaithe a chinneadh, in aghaidh an speicis, baileoidh oibreoir meáite údaraithe samplaí ina n-aonar agus go tráthrialta le linn an tabhairt i dtír ar fad, ó thús go cur i gcrích, agus úsáid á baint as an maitrís nó na maitrísí samplamhéide dá dtagraítear i bpointí 7 agus 8. Beidh na céimeanna seo a leanas ar a laghad i ngach oibríocht samplála:

   (a) sampla de phailléid chaighdeánaithe a roghnú le haghaidh gach speicis, trí úsáid a bhaint as an maitrís samplamhéide dá dtagraítear thuas;

   (b) an líon iomlán pailléad caighdeánaithe atá le sampláil tráth an tabhairt i dtír a mheá;

   (c) ollmheáchan gach pailléid chaighdeánaithe arna shampláil a ríomh;

   (d) glanmheáchan gach pailléid chaighdeánaithe arna shampláil a ríomh tríd an meáchan gan ualach iomchuí, mar a shuitear i gcomhréir le pointí 10 go 12, a asbhaint ón ollmheáchan faoi phointe (c). Léireofar ar lipéid glanmheáchan gach pailléid chaighdeánaithe a sampláladh;

   (e) meán-ghlanmheáchan pailléad caighdeánaithe le haghaidh gach speicis a ríomh trí ghlanmheáchan carnach na bpailléad sampláilte uile faoi phointe (d) a roinnt ar an líon pailléad a sampláladh le haghaidh an speicis chéanna; agus

(f) glanmheáchan iomlán na dtáirgí iascaigh reoite uile a thugtar i dtír i bpailléid chaighdeánaithe a ríomh tríd an meán-ghlanmheáchan/na meán-ghlanmheáchain faoi phointe (e) a iolrú faoin líon pailléad comhfhreagrach a thugtar i dtír le haghaidh gach speicis.

6. Cinnfidh an t-oibreoir meáite údaraithe an líon iomchuí samplaí, de réir na gcainníochtaí a thugtar i dtír, ar bhonn maitrís samplamhéide ionadaíche i gcomhréir le pointí 7 agus 8.

7. I gcás pailléid chaighdeánaithe speiceas peiligeach beag, beidh íosmhéid an tsampla bunaithe ar an líon pailléad caighdeánaithe a thugtar i dtír, de réir na maitríse seo a leanas:

An líon pailléad caighdeánaithe	Méid an tsampla: an líon pailléad caighdeánaithe atá le sampláil in aghaidh an speicis		
	PEL EILE	JAX	ARG
50 nó níos lú	19	23	21
51 – 75	22	26	24
76 – 100	24	29	26
101 – 200	27	34	29
201 – 250	28	35	30
251 – 500	29	37	32
501 – 750	30	38	33
751 – 1000	30	39	33
1001 – 1500	30	39	34
1501 – 3000	31	40	34
3001 – 6000	31	40	34
Gach +1000 breise nó páirteach	+ 2	+ 2	+ 2

8. I gcás pailléid chaighdeánaithe speiceas grinnill, beidh an samplamhéid íosta bunaithe ar an líon pailléad caighdeánaithe de gach speiceas a thugtar i dtír de réir na maitríse seo a leanas, i gcás nach mó ná 5 % an inathraitheacht i meáchan pailléad ón meánmheáchan pailléid ríofa:

An líon pailléad caighdeánaithe	Méid an tsampla (pailléid chaighdeánaithe) le haghaidh táirgí iascaigh grinnill ag a bhfuil inathraitheacht 5 %:
50 nó níos lú	16
51 – 75	18
76 – 100	20
101 – 200	22
201 – 250	22
251 – 500	23
501 – 750	23
751 – 1000	23
1001 – 1500	24
1501 – 3000	24
3001 – 6000	24
Gach +1000 breise nó páirteach	+ 2

9. Beidh bearta i bhfeidhm agus á gcur chun feidhme ag na Ballstáit chun a áirithiú go ndéanfaidh oibreoirí meáite údaraithe samplaí a mheá agus a chlárú i gceart, agus chun faireachán a dhéanamh ar líon agus suíomh pailléad caighdeánaithe. Beidh sé ina cheanglas de chuid bearta den sórt sin, ar a laghad, go gcoinneofar na pailléid chaighdeánaithe uile a sampláladh ar leithligh ón gcuid eile de na pailléid chaighdeánaithe i limistéar atá ainmnithe lena sainaithint go héasca go dtí go mbeidh an mheá curtha i gcrích, mura n-údaraíonn údaráis inniúla an Bhallstáit a mhalairt le haghaidh tabhairt i dtír ar a ndearnadh cigireacht. De rogha air sin, i gcás ina bhfuil córas bainistithe stórála i bhfeidhm lena n-áirithítear sainaithint agus suíomh na bpailléad caighdeánaithe uile, agus i gcás ina bhfuil na pailléid a roghnaítear le haghaidh meá shamplála ar fáil láithreach d'údarás inniúil an Bhallstáit ina dtugtar na gabhálacha i dtír arna iarraidh sin, ní bheidh gá leis an limistéar ainmnithe le haghaidh sainaithint éasca.

Asbhaint meáchain gan ualach

10. Ríomhfar meáchan gan ualach pailléid chaighdeánaithe mar shuim mheáchain gan ualach na mboscaí caighdeánaithe uile atá sa phailléad (i.e., meáchan gan ualach bosca chaighdeánaithe amháin arna iolrú faoin líon boscaí sa phailléad), móide meáchan gan ualach an mhonaróra de chuid an phailléid fholaimh nó thirim féin. Áireofar meáchan phacáistíocht an mhonaróra i meáchan gan ualach bosca chaighdeánaithe. Ní fhéadfar asbhaintí oighir agus uisce a chur i bhfeidhm ach amháin faoi réir phointe 12.

11. I gcás nach bhfuil faisnéis faoi mheáchan gan ualach an mhonaróra ar fáil maidir leis an bpacáistíocht nó leis an bpailléad, beidh feidhm ag an nós imeachta seo a leanas chun an meáchan gan ualach a chinneadh:

(a) i gcás gach pailléid chaighdeánaithe, déanfar sampla de 10 mbosca chaighdeánaithe a mheá chun an meánmheáchan pacáistíochta a chinneadh. Roghnófar samplaí ó phailléid chaighdeánaithe éagsúla. Beidh an phacáistíocht uile a úsáidfear don tomhas sin gan damáiste agus tirim;

(b) ríomh meánmheáchan gan ualach na pacáistíochta tríd an meáchan iomlán ó na 10 sampla a roinnt ar 10; agus

(c) chun an meánmheáchan gan ualach a chinneadh le haghaidh pailléad caighdeánaithe, meáigh go haonarach 10 bpailléad thirime gan damáiste arna roghnú go randamach. Ríomh an meánmheáchan gan ualach tríd an meáchan iomlán a roinnt ar 10.

12. I gcás táirgí iascaigh peiligeacha reoite a thugtar i dtír i bpailléid chaighdeánaithe, is é 1 kg a bheidh i meáchan gan ualach na pacáistíochta (lena n-áirítear oighear) atá le cur i bhfeidhm in aghaidh an bhosca chaighdeánaithe.

C. **Nósanna imeachta a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí iascaigh peiligeacha móra reoite de mheáchan beag aonair a thugtar i dtír neamhshórtáilte**

13. Baileoidh oibreoir meáite údaraithe samplaí ina n-aonar agus go tráthrialta le linn an tabhairt i dtír ar fad, ó thús go cur i gcrích, agus úsáid á baint as maitrís samplamhéide ionadaíche, a bheidh bunaithe, ar a laghad, ar mhodheolaíocht arna comhaontú leis an gCoimisiún.

14. Beidh na céimeanna seo a leanas ar a laghad i ngach oibríocht samplála:

(a) meáchan iomlán neamhshórtáilte táirgí iascaigh peiligeacha móra reoite nach sáraíonn an tairseach is infheidhme a chinneadh;

(b) meánchion na dtáirgí iascaigh peiligeacha móra reoite nach sáraíonn an tairseach is infheidhme a chinneadh, i gcomhréir le pointe 13;

(c) an meáchan neamhshórtáilte iomlán arna chinneadh i bpointe (a) a chur i bhfeidhm ar an meánchion arna chinneadh i bpointe (b) chun cainníochtaí gach speicis a ríomh;

(d) meáchan iomlán gach speicis de tháirgí iascaigh peiligeacha móra reoite arna thabhairt i dtír a chinneadh trí na cainníochtaí arna gcinneadh i bpointe (c) a chur leis na cainníochtaí táirgí iascaigh peiligeacha móra reoite a sháraíonn an tairseach is infheidhme.

15. Déanfaidh na Ballstáit bearta a bhunú agus a chur chun feidhme chun a áirithiú go ndéanfaidh oibreoirí meáite údaraithe samplaí a mheá agus a chlárú i gceart. Ar a laghad, beidh sé ina cheanglas de chuid na mbeart sin go mbeidh gach sampla inaitheanta, lipéadaithe agus coinnithe ar leithligh ó na táirgí iascaigh atá fágtha ar feadh 2 uair an chloig ar a laghad tar éis samplála agus go dtí deireadh an teacht i dtír.

D. **Bearta chun comhlíonadh a áirithiú**

16. Déanfaidh na Ballstáit faireachán éifeachtach ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo ag na céimeanna uile sa phróiseas samplála agus áiritheoidh siad go mbeidh daoine nádúrtha a dhéanann sáruithe ar na rialacha seo, agus daoine dlítheanacha a chuirtear faoi dhliteanas ina leith, faoi réir smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha agus bearta forfheidhmiúcháin eile, i gcomhréir le Teideal VIII de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

17. Déanfar na nósanna imeachta dá dtagraítear i Ranna B agus C faoi cheann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) i láthair oifigeach;

(b) i saoráidí meáite atá faoi úinéireacht phoiblí go hiomlán nó go páirteach nó a oibrítear go poiblí go hiomlán nó go páirteach agus atá faoi réir sásraí tiomnaithe rialaithe, cigireachta agus trédhearcachta, chun aon choinbhleacht leasa dhíreach nó indíreach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú neamhchlaonta a gcúraimí a eisiamh;

(c) ag meádóirí neamhspleácha tríú páirtí a chomhlíonann na coinníollacha íosta a leagtar síos in Airteagal 3(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474 ón gCoimisiún, faoi réir sásraí tiomnaithe rialaithe, cigireachta agus trédhearcachta;

(d) faoi réir bearta rialaithe malartacha a iarrtar faoi phointe 19, bunaithe ar bhainistiú riosca agus comhlíonadh Ranna B agus C a áirithiú, amhail córas cianfhaireacháin leictreonaigh (CFL) le teilifís ciorcaid iata (TCI) nó teicneolaíocht choibhéiseach a úsáid. Cuirfear na bearta sin faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(d).

18. Nuair a úsáidtear córais CFL ag a bhfuil TCInna, i gcomhréir le pointe 17(d), déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar an mheá an méid seo a leanas:

(a) athbhreithniú a dhéanamh ar a suiteáil chun éifeachtacht na gcóras sin a áirithiú chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí meáite, samplála agus cláraithe gabhálacha;

(b) rochtain a bheith acu ar na taifid; agus

(c) athbhreithniú a dhéanamh ar líon íosta na dtaifead TCI mar chuid de na bearta rialaithe agus cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 8.

E. **Dálaí malartacha**

19. Féadfaidh na Ballstáit coinníollacha malartacha seachas na coinníollacha sin a leagtar síos i bpointí 4, 7, 8, 13, 14, 15 agus 17 den Iarscríbhinn seo a iarraidh, ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go baineann na coinníollacha malartacha sin le cásanna speisialta a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(i) soithí gabhála ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán;

(ii) cainníochtaí beaga a thugtar i dtír, a mheáitear nó a iompraítear;

(iii) na torthaí ó staidéir eolaíocha neamhspleácha nó ó chomhlachtaí atá aitheanta ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta;

(iv) meáchan idirbhosca na dtáirgí iascaigh a thugtar i dtír i mboscaí caighdeánaithe;

(v) staid phróiseála na dtáirgí iascaigh;

(vi) táirgí iascaigh nach bhfuil faoi réir cuóta nó iascach atá sonrach do Bhallstáit;

(vii) oibreoirí meáite údaraithe; nó

(viii) úsáid teicneolaíochta nua; agus

(b) an leibhéal céanna cruinnis nó leibhéal níos airde cruinnis a áirithiú maidir le torthaí meáite agus cláraithe gabhálacha.

IARSCRÍBHINN IV

Plean samplála le haghaidh táirgí iascaigh arna meá ar bord

Leagtar síos sa phlean samplála seo na coinníollacha íosta maidir le táirgí iascaigh sórtáilte a mheá ar bord, i gcomhréir le maolú arna fhormheas faoi Airteagal 60(3)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

A. **Rialacha ginearálta**

1. Beidh an maolú maidir le meá ar bord faoi Airteagal 60(3)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo agus na rialacha a leagtar síos in Airteagail 3 go 8 den Rialachán seo, agus ní bheidh feidhm aige ach amháin maidir le soithí gabhála atá údaraithe go sainráite chun na críche sin ag údaráis inniúla an Bhallstáit brataí.

2. Stórálfaidh oibreoirí meáite údaraithe na táirgí iascaigh uile arna meá ar bord i mboscaí ina bhfuil speiceas aonair a bhfuil an cur i láthair céanna acu agus atá de thionscnamh an limistéir gheografaigh ábhartha chéanna.

3. Déanfar boscaí dá dtagraítear i bpointe 2 a lipéadú ar bhealach a dheimhneoidh go ndearnadh iad a mheá ar bord chun críocha na hIarscríbhinne seo.

4. Beidh na lipéid dá dtagraítear i bpointe 3 déanta as ábhar marthanach, beidh siad greamaithe go daingean den bhosca, agus ní dhéanfar iad a bhaint, a scriosadh, a athrú, a chlúdach ná a cheilt le linn na láimhseála, an iompair agus na cigireachta ábhartha nó go dtí go mbeidh an tabhairt i dtír curtha i gcrích ná ní dhéanfar doléite iad. Léireofar an méid seo a leanas, ar a laghad, ar na lipéid sin:

   (a) ainm an tsoithigh gabhála, i gcás ina bhfuil sé ar fáil;

   (b) uimhir chlár cabhlaigh an Aontais nó, murab infheidhme, uimhir aitheantais IMO nó aitheantóir uathúil soithigh eile de chuid an tsoithigh iascaireachta as a dtagann an chainníocht mheáite;

   (c) cód alfa-3 FAO gach speicis arna mheá; agus

   (d) cainníochtaí gach speicis i gcileagraim táirge arna meá i gcomhréir le hAirteagal 60(3)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, arna miondealú de réir chineál an chur i láthair, agus de réir an limistéir gheografaigh ábhartha.

5. Déanfaidh máistrí soithí gabhála de chuid an Aontais atá údaraithe le meá a dhéanamh ar bord na cainníochtaí uile a mheáitear ar bord a thaifeadadh, chun a áirithiú gur féidir iad a idirdhealú go soiléir ó chainníochtaí taifeadta eile, sa logleabhar iascaireachta agus tarchuirfidh siad an fhaisnéis sin chuig údaráis inniúla a mBallstáit brataí i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (CE) 1224/2009.

6. Féadfaidh an Ballstát ina dtugtar na gabhálacha i dtír é a bheith ina cheanglas dá gcuid go ndéanfar aon chainníocht táirgí iascaigh a mheáitear ar bord a athmheá tráth a thugtar i dtír iad agus go n-úsáidfear na torthaí chun críocha Airteagal 60(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

B. **Nósanna imeachta**

7. Áiritheoidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina dtugtar na gabhálacha i dtír go ndéanfar cigireacht bhliantúil ar 5 % ar a laghad de na gabhálacha uile arna meá ar bord a thugtar i dtír.

8. Le linn cigireachta, déanfar cruinneas na meáite ar bord a fhíorú trí shampla boscaí a athmheá i láthair oifigeach. Beidh méid an tsampla atá le hathmheá ag brath ar chainníochtaí iomlána na mboscaí arna meá ar bord i gcomhréir leis an maitrís dá dtagraítear i bpointe 12.

9. Cuirfear torthaí athmheá na mboscaí aonair i gcomparáid leis an meáchan a taifeadadh ar lipéad gach bosca a sampláladh. Is é 5 % a bheidh san éagsúlacht uasta cheadaithe idir an meáchan a léirítear ar an lipéad agus an figiúr fíoraithe ó athmheá, i gcás aon bhosca shampláilte nó, de rogha air sin, 5 % arna ríomh mar an mheánéagsúlacht ar fud na mboscaí sampláilte uile.

10. Nuair a fhíoraítear cruinneas na meáite ar bord i gcomhréir le pointe 8, cinnfidh oifigigh cainníochtaí gach speicis, in aghaidh an chur i láthair agus an limistéir gheografaigh ábhartha, a thugtar i dtír ar bhonn na bhfigiúirí iomlána a thaifeadtar ar na lipéid le haghaidh na mboscaí táirgí iascaigh uile a mheáitear ar bord.

11. I gcásanna ina sárófar an éagsúlacht 5 % atá ceadaithe i bpointe 9, nó má shainaithnítear neamhréireachtaí san fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe 6, déanfar an ghabháil iomlán a mheá i láthair oifigeach i gcomhréir le hAirteagal 60(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus leis na torthaí arna n-úsáid chun críocha Airteagal 60(7) den Rialachán sin.

12. Beidh sampla na mboscaí dá dtagraítear i bpointe 8 bunaithe, ar a laghad, ar an maitrís seo a leanas:

An líon iomlán boscaí	Méid an tsampla [an líon boscaí le haghaidh meá shamplála]
10 nó níos lú	Gach ceann
11 – 20	11
21 – 30	14
31 – 40	15
41 – 50	16
51 – 60	17
61 – 70	18
71 – 80	19
81 – 90	19
91 – 100	20
101 – 150	21
Gach 100 bosca breise	+ 2

13. De mhaolú ar phointí 7 go 12, le linn cigireachta, i gcás ina ndéantar táirgí iascaigh a mheá ar bord agus a thabhairt i dtír i mboscaí caighdeánaithe, féadfaidh oifigigh an Bhallstáit ina ndéantar an mheá an mhodheolaíocht samplála a leagtar amach in Iarscríbhinn II(B)(iii) a chur i bhfeidhm chun meáchan na dtáirgí iascaigh a thugtar i dtír a chinneadh.

C. **Bearta chun comhlíonadh a áirithiú**

14. Déanfaidh na Ballstáit faireachán éifeachtach ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo, agus áiritheoidh siad go mbeidh daoine nádúrtha a dhéanann sáruithe ar na rialacha seo agus daoine dlítheanacha a chuirtear faoi dhliteanas ina leith faoi réir smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha agus bearta forfheidhmiúcháin eile i gcomhréir le Teideal VIII de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an t-údarú chun meá ar bord a chur ar fionraí go sealadach nó a tharraingt siar go buan.

D. **Dálaí malartacha**

15. Féadfaidh na Ballstáit coinníollacha malartacha seachas na coinníollacha sin a leagtar síos i bpointí 7, 9, 11 agus 12 den Iarscríbhinn seo a iarraidh, ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go baineann na coinníollacha malartacha sin le cásanna speisialta a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(i) soithí gabhála ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán;

(ii) cainníochtaí beaga a thugtar i dtír, a mheáitear nó a iompraítear;

(iii) na torthaí ó staidéir eolaíocha neamhspleácha nó ó chomhlachtaí atá aitheanta ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta;

(iv) meáchan idirbhosca na dtáirgí iascaigh a thugtar i dtír i mboscaí caighdeánaithe;

(v) staid phróiseála na dtáirgí iascaigh;

(vi) táirgí iascaigh nach bhfuil faoi réir cuóta nó iascach atá sonrach do Bhallstáit;

(vii) oibreoirí meáite údaraithe; nó

(viii) úsáid na teicneolaíochta nua; agus

(b) an leibhéal céanna cruinnis nó leibhéal níos airde cruinnis a áirithiú maidir le torthaí meáite agus cláraithe gabhálacha.

IARSCRÍBHINN V

Plean rialaithe um tháirgí iascaigh úra a mheá tar éis iad a iompar i gcríoch an bhallstáit inar tugadh na gabhálacha i dtír

Leis an bplean rialaithe sin, leagtar síos na coinníollacha íosta maidir le táirgí iascaigh úra a mheá tar éis iad a iompar laistigh den Bhallstát inar tugadh i dtír iad, i gcomhréir le maolú arna fhormheas faoi Airteagal 60(3)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

A. **Rialacha ginearálta**

1. Ní bheidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo ach amháin maidir le táirgí iascaigh arna meá tar éis a n-iompair i saoráidí meáite ceadaithe agus cláraithe, i gcomhréir leis na híoscheanglais a leagtar amach i roinn E den Iarscríbhinn seo.

2. Áiritheoidh an Ballstát ina dtugtar na gabhálacha i dtír go mbeidh aonaid iompair a iompraíonn táirgí iascaigh a chumhdaítear leis an maolú in Airteagal 60(3)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 inaitheanta go héasca le linn an iompair, ón áit luchtaithe go dtí ceann scríbe na coinsíneachta/na gcoinsíneachtaí, i gcás inarb iomchuí chun críoch rialaithe.

3. Beidh an maolú maidir le meá faoi Airteagal 60(3)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo agus i rialacha eile a leagtar síos in Airteagail 3 go 8 den Rialachán seo.

4. Na táirgí iascaigh uile a iompraítear in aonad iompair lena meá tar éis a n-iompair, tiocfaidh siad isteach ina n-iomláine ag ceann scríbe meáite aonair. De mhaolú air sin, i gcás suíomhanna luchtaithe iomadúla iasc nár meádh roimhe sin nó suíomhanna díluchtaithe iomadúla chuig saoráidí meáite formheasta, eiseofar doiciméad iompair ar leithligh, lena n-áirítear an fhaisnéis atá liostaithe i bpointe 9, le haghaidh gach suímh luchtaithe nó díluchtaithe idirmheánaigh roimh gach iompar.

5. Gan dochar d'Airteagal 24 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1766 ón gCoimisiún ([1]), agus mura bhforáiltear a mhalairt faoi rialacha CBI, séalóidh an t-iompróir aonaid iompair trí úsáid a bhaint as clibeanna nach féidir a chóipeáil a eisíonn údaráis inniúla an Bhallstáit ina dtugtar na gabhálacha i dtír, nó a eisítear thar a gceann, i gcás ina sainaithnítear iad, ar bhonn bainistiú riosca agus na heilimintí atá liostaithe in Airteagal 8(3) den Rialachán seo ar a laghad á gcur san áireamh, mar chlibeanna lena mbaineann ardriosca nach gcomhlíonfar na rialacha a leagtar síos san Iarscríbhinn seo.

6. Maidir leis na táirgí iascaigh uile a iompraítear chuig saoráid mheáite údaraithe faoin Iarscríbhinn seo:

   (a) beifear in ann iad a idirdhealú ó ghabhálacha a meádh cheana agus ó ghabhálacha soithí eile le linn a n-iompair ón áit inar tugadh i dtír iad go dtí an tsaoráid mheáite. Ní cheadaítear gabhálacha a iompar ó níos mó ná soitheach amháin in aon aonad iompair amháin ach amháin má áirithítear go bhfuil gabhálacha gach soithigh scartha go soiléir óna chéile; agus

   (b) go dtagann siad go dtí an tsaoráid mheáite i riocht lenar féidir speicis a shainaithint. I gcás gabhálacha neamhshórtáilte a úsáidtear chun críoch tionsclaíoch, agus nach féidir cuid de ghabhálacha na speiceas a shainaithint, sannfar an chuid sin i gcomhréir le comhdhéanamh na gabhála don chuid inaitheanta de na gabhálacha.

B. **Nósanna imeachta**

7. Déanfar gabhálacha uile na dtáirgí iascaigh a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo a mheá ina n-iomláine tar éis iad a iompar ar theacht chuig an tsaoráid mheáite fhormheasta chláraithe dá dtagraítear i bpointe 1 dóibh.

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1766 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2025 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le rialú ar iascach agus maidir le faireachas agus cigireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, ar fhorfheidhmiú agus ar chomhlíonadh (IO L, 2025/1766, 12.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1766/oj).

8. De mhaolú ar phointe 7, féadfaidh feidhm a bheith ag na forálacha samplála a leagtar síos in Iarscríbhinn II(B)(i) agus II(B)(iii) chun comhdhéanamh na gabhála a chinneadh tar éis iompar na dtáirgí iascaigh a thugtar i dtír neamhshórtáilte agus meáchan na dtáirgí iascaigh i mboscaí caighdeánaithe agus i gcoimeádáin chaighdeánaithe.

C. **Doiciméid iompair**

9. I dteannta na sonraí atá ina gceanglas de chuid Airteagal 68(4) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus gan dochar d'Airteagal 68(6) den Rialachán céanna, áireofar sa doiciméad iompair an fhaisnéis seo a leanas:

(a) uimhir/uimhreacha an tséala iompair, i gcás ina mbeidh siad ar fáil;

(b) léiriú go bhfuil táirgí iascaigh le meá tar éis iad a iompar faoi Airteagal 60(3)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(c) an dáta agus an t-am a mheastar a bhainfear an ceann scríbe amach dá dtagraítear in Airteagal 68(4)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009; agus

(d) an líon boscaí nó coimeádán arna n-iompar, in aghaidh an aonaid iompair, arna miondealú de réir speicis, cur i láthair agus an limistéir gheografaigh ábhartha, i gcás inarb infheidhme.

D. **Bearta chun comhlíonadh a áirithiú**

10. Déanfaidh na Ballstáit faireachán éifeachtach ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo ag gach céim de phróiseas na meá agus áiritheoidh siad go mbeidh daoine nádúrtha a dhéanann sáruithe ar na rialacha seo agus daoine dlítheanacha a chuirtear faoi dhliteanas ina leith faoi réir smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha agus bearta forfheidhmiúcháin eile, i gcomhréir le Teideal VIII de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

11. Déanfar na nósanna imeachta dá dtagraítear i Roinn B faoi cheann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) i láthair oifigeach;

(b) i saoráidí meáite atá faoi úinéireacht phoiblí go hiomlán nó go páirteach nó a oibrítear go poiblí go hiomlán nó go páirteach agus atá faoi réir sásraí tiomnaithe rialaithe, cigireachta agus trédhearcachta, chun aon choinbhleacht leasa dhíreach nó indíreach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú neamhchlaonta a gcúraimí a eisiamh;

(c) ag meádóirí neamhspleácha tríú páirtí a chomhlíonann na coinníollacha íosta a leagtar síos in Airteagal 3(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474, faoi réir sásraí tiomnaithe rialaithe, cigireachta agus trédhearcachta;

(d) faoi réir bearta rialaithe malartacha a iarrtar faoi phointe 18, bunaithe ar bhainistiú riosca agus comhlíonadh Roinn B a áirithiú, amhail córas cianfhaireacháin leictreonaigh (CFL) le teilifís ciorcaid iata (TCI) nó teicneolaíocht choibhéiseach a úsáid. Cuirfear na bearta sin faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(d) den Rialachán seo.

12. Nuair a úsáidtear córais CFL ag a bhfuil TCInna, i gcomhréir le pointe 11(d), déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar an mheá an méid seo a leanas:

(a) athbhreithniú a dhéanamh ar a suiteáil chun éifeachtacht na gcóras sin a áirithiú chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí meáite, samplála agus cláraithe gabhálacha;

(b) rochtain a bheith acu ar na taifid, arna iarraidh sin; agus

(c) athbhreithniú a dhéanamh ar líon íosta na dtaifead TCI mar chuid de na bearta rialaithe agus cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 8.

E. **Íoscheanglais maidir le Saoráidí Meáite**

13. Déanfaidh saoráidí meáite an méid seo a leanas:

(a) beidh siad cláraithe agus formheasta ag údaráis inniúla na mBallstát ina ndéantar an mheá; agus

(b) beidh sé d'acmhainn acu gabhálacha a idirdhealú ó gach soitheach, lena n-áiritheofar sainaithint shoiléir na dtáirgí iascaigh uile sula ndéanfar iad a mheá.

14. Saoráidí meáite a shainaithnítear, ar bhonn bainistiú riosca agus na tosca riosca atá liostaithe in Airteagal 8(3) den Rialachán seo ar a laghad á gcur san áireamh, mar shaoráidí lena mbaineann riosca neamhchomhlíonta na rialacha a leagtar síos san Iarscríbhinn seo, beidh siad faoi réir cigireacht fhisiceach ag údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann laistigh de 12 mhí ó formheasadh iad, nó, i gcás ina dtarlaíonn an tsainaithint ag céim níos déanaí, laistigh de 12 mhí ó dháta na sainaitheanta sin. Áireofar sa chigireacht sin fíorú ar an méid seo a leanas ar a laghad:

    (a) líon agus samhlacha na meá-chóras a bheidh le húsáid ag an tsaoráid mheáite, agus a suíomh suiteála;

    (b) an t-uastoilleadh meáite laethúil i gcás meá-chórais creasa iompair agus baisce;

    (c) líníochtaí de phróiseas láimhseála agus táirgthe gabhálacha na dtáirgí iascaigh ó theacht isteach sa tsaoráid go stóráil an táirge deiridh, lena n-áirítear suíomhanna na meá-chóras, na limistéar samplála agus sórtála, an limistéir stórála agus na gcóras CFL ag a bhfuil TCInna, i gcás inarb ábhartha;

    (d) i gcás ina n-úsáidtear meá-chórais leanúnacha, cóip de scéimléaráidí teicniúla an tsreangaithe agus naisc a d'fhéadfadh a bheith ann;

    (e) pointe teagmhála an oibreora nó a ionadaí le linn oibríochtaí meáite; agus

    (f) an chaoi a n-áiritheofar rochtain ar shaoráid mheáite, ar mheá-chórais, ar fhaisnéis mheáite, ar thaifid, agus, i gcás inarb ábhartha, ar chórais CFL ag a bhfuil TCInna.

15. Tabharfaidh oibreoirí meáite údaraithe fógra don údarás inniúil maidir le haon athrú ar na meá-chórais agus ar na saoráidí meáite formheasta sula n-úsáidfear iad. Ní úsáidfear na meá-chórais ná na saoráidí meáite gan údarú sainráite ó na húdaráis inniúla.

16. Mura socraíonn an Ballstát tréimhse níos giorra, is ar feadh tréimhse theoranta nach faide ná 5 bliana as a chéile a bheidh an formheas a eiseoidh an t-údarás inniúil.

17. Beidh sé de cheart ag an údarás inniúil dá dtagraítear i bpointe 16 formheas na saoráide meáite a chúlghairm mura gcomhlíontar na coinníollacha thuas nó má tá fianaise ann go ndearnadh gníomhaíochtaí meáite agus cláraithe gabhálacha go míshásúil.

F. **Dálaí malartacha**

18. Féadfaidh na Ballstáit coinníollacha malartacha seachas na coinníollacha sin a leagtar síos i bpointí 4, 6, 7, 8, 11, 13 agus 14 den Iarscríbhinn seo a iarraidh, ar na coinníollacha seo a leanas:

    (a) go baineann na coinníollacha malartacha sin le cásanna speisialta a bhaineann leis an méid seo a leanas:

        (i) soithí gabhála ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán;

        (ii) cainníochtaí beaga a thugtar i dtír, a mheáitear nó a iompraítear;

        (iii) na torthaí ó staidéir eolaíocha neamhspleácha nó ó chomhlachtaí atá aitheanta ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta;

        (iv) meáchan idirbhosca na dtáirgí iascaigh a thugtar i dtír i mboscaí caighdeánaithe;

        (v) staid phróiseála na dtáirgí iascaigh;

        (vi) táirgí iascaigh nach bhfuil faoi réir cuóta nó iascach atá sonrach do Bhallstáit;

        (vii) oibreoirí meáite údaraithe; nó

        (viii) úsáid na teicneolaíochta nua; agus

    (b) an leibhéal céanna cruinnis nó leibhéal níos airde cruinnis a áirithiú maidir le torthaí meáite agus cláraithe gabhálacha.

IARSCRÍBHINN VI

Clár comhchoiteann um rialú chun táirgí iascaigh úra a mheá tar éis iad a iompar ón mBallstát inar tugadh i dtír iad go dtí ceann scríbe i gcríoch Ballstáit eile

Leis an gclár comhchoiteann sin um rialú, leagtar síos na coinníollacha íosta maidir le táirgí iascaigh úra a mheá tar éis iad a iompar ón mBallstát inar tugadh i dtír iad go dtí ceann scríbe i gcríoch Ballstáit eile, i gcomhréir le maolú arna fhormheas faoi Airteagal 60(3)(d) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

A. **Rialacha ginearálta**

1. Ní bheidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo ach amháin maidir le táirgí iascaigh:

   (a) a thugann soithí iascaireachta i dtír ar soithí iad a bhfuil bratach Ballstáit ar foluain acu ar páirtí é sa chlár comhchoiteann um rialú agus atá údaraithe go sainráite ag an mBallstát sin le gabhálacha a mheá i gcomhréir leis an gclár comhchoiteann sin um rialú;

   (b) a thugtar i dtír i gcalafoirt atá sainaitheanta ag an mBallstát ina dtugtar na gabhálacha i dtír chun clár comhchoiteann um rialú a chur i bhfeidhm; agus

   (c) a mheáitear tar éis iad a iompar i saoráidí meáite ceadaithe agus cláraithe, i gcomhréir leis na híoscheanglais a leagtar amach i Roinn F den Iarscríbhinn seo.

2. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann faireachán ar iompar táirgí iascaigh ón bpointe/ó na pointí teacht i dtír go dtí ceann scríbe na meáite. Déanfaidh na Ballstáit sin rialacha a bhunú agus a chur chun feidhme maidir le clárú iompróirí atá údaraithe le táirgí iascaigh a chumhdaítear leis an maolú in Airteagal 60(3)(d) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 a iompar, agus maidir le sainaithint uathúil na n-aonad iompair ábhartha chomh maith.

3. Beidh an maolú maidir le meá faoi Airteagal 60(3)(d) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo agus i rialacha eile a leagtar síos in Airteagail 3 go 8 den Rialachán seo.

4. Na táirgí iascaigh uile a iompraítear tar éis iad a thabhairt i dtír lena meá i mBallstát eile, tiocfaidh siad chuig an áit mheáite agus déanfar iad a mheá go hiomlán, in aghaidh an speicis agus an chur i láthair, ar theacht isteach dóibh. I gcás táirgí iascaigh neamhshórtáilte a mheáitear tar éis a n-iompair, áfach, féadfaidh feidhm a bheith ag forálacha samplála atá coibhéiseach leo siúd a shonraítear in Iarscríbhinn II(B)(i) chun comhdhéanamh na gabhála a chinneadh, comhdhéanamh a dhéanfar a eachtarshuí, de réir thorthaí na meáite comhiomláine, chun cainníochtaí gach speicis a shuí.

5. Déanfar na táirgí iascaigh uile a mheáitear faoi chlár comhchoiteann um rialú a iompar ó phointe luchtaithe aonair go ceann scríbe aonair.

6. Rachaidh na táirgí iascaigh uile isteach sa tsaoráid mheáite ghlactha trí phointe rochtana ainmnithe.

7. Séalóidh an t-iompróir na haonaid iompair uile trí úsáid a bhaint as séalaí nach féidir a dhúbláil. Cuirfidh an t-iompróir na séalaí orthu le haghaidh tabhairt i dtír nach ndearnadh cigireacht uirthi nó cuirfidh oifigeach na séalaí orthu le linn tabhairt i dtír a ndearnadh cigireacht uirthi más gá. Úsáidfear séalaí le haghaidh gach iompair chun sláine na dtáirgí iascaigh arna n-iompar a áirithiú. Is é údarás inniúil ceachtar de na Ballstáit a sholáthróidh na séalaí, ar a mbeidh uimhreacha uathúla, i gcomhréir le nósanna imeachta arna gcomhaontú idir na Ballstáit atá rannpháirteach sa chlár comhchoiteann um rialú, nó déanfar thar ceann na n-údarás inniúil é.

8. Maidir leis na táirgí iascaigh uile a iompraítear chuig saoráid mheáite údaraithe faoin Iarscríbhinn seo:

   (a) beifear in ann iad a idirdhealú ó ghabhálacha a meádh cheana agus ó ghabhálacha soithí eile le linn a n-iompair ón áit inar tugadh i dtír iad go dtí an tsaoráid mheáite. Ní cheadaítear gabhálacha a iompar ó níos mó ná soitheach amháin in aon aonad iompair amháin ach amháin má áirithítear go bhfuil gabhálacha gach soithigh scartha go soiléir óna chéile; agus

(b) go dtagann siad go dtí an tsaoráid mheáite i riocht lenar féidir speicis a shainaithint. I gcás gabhálacha neamhshórtáilte a úsáidtear chun críoch tionsclaíoch, agus nach féidir cuid de ghabhálacha na speiceas a shainaithint, sannfar an chuid sin i gcomhréir le comhdhéanamh na gabhála don chuid inaitheanta de na gabhálacha.

Doiciméad iompair

9. I dteannta na sonraí atá ina gceanglas de chuid Airteagal 68(4) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus gan dochar d'Airteagal 68(6) den Rialachán céanna, áireofar sa doiciméad iompair an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:

(a) uimhir an tséala iompair;

(b) an dáta agus an t-am a mheastar a bhainfear an ceann scríbe amach dá dtagraítear in Airteagal 68(4)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009; agus

(c) léiriú go bhfuil táirgí iascaigh le meá tar éis iad a iompar faoi Airteagal 60(3)(d) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

B. **Nósanna imeachta**

10. Beidh an taifead meáite ina dheimhniú gur tharla an mheá. Déanfaidh an t-údarás inniúil sa Bhallstát ina ndéantar an mheá an taifead meáite a tharchur chuig an mBallstát ina dtugtar na gabhálacha i dtír, agus chuig an mBallstát brataí murab ionann iad.

11. Beidh rialacha i bhfeidhm agus á gcur chun feidhme ag na Ballstáit is páirtithe sa chlár comhchoiteann um rialú chun cros-seiceáil a dhéanamh ar na réamhfhógraí, na doiciméid iompair, na dearbhuithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír, na taifid mheáite, na nótaí díolacháin agus na dearbhuithe maidir le glacadh freagrachta uile a chuirtear isteach agus a mhalartaítear faoin Iarscríbhinn seo chun earráidí agus neamhréireachtaí sna sonraí agus faisnéis atá in easnamh orthu a bhrath.

C. **Bearta chun comhlíonadh a áirithiú**

12. Déanfaidh na Ballstáit faireachán éifeachtach ar chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn seo ag gach céim, lena n-áirítear meá, clárú agus iompar táirgí iascaigh, agus áiritheoidh siad go mbeidh daoine nádúrtha a dhéanann sáruithe ar na rialacha seo agus daoine dlítheanacha a chuirtear faoi dhliteanas ina leith faoi réir smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha agus bearta forfheidhmiúcháin eile, i gcomhréir le Teideal VIII de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

13. Bunóidh na Ballstáit nósanna imeachta um chomhar frithpháirteach a bheidh le déanamh ar bhonn bliantúil, chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na gclár comhchoiteann um rialú agus chun comhsheasmhacht an chur chun feidhme agus meá agus clárú cruinn táirgí iascaigh a áirithiú.

14. Beidh córais i bhfeidhm ag iompróirí chun a áirithiú gur féidir na haonaid iompair a aimsiú ón áit inar tugadh i dtír na táirgí iascaigh go dtí ceann scríbe na dtáirgí iascaigh agus soláthróidh siad mionsonraí maidir le suíomhanna na n-aonad iompair d'oifigigh arna iarraidh sin dóibh.

15. Déanfar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe 4 faoi cheann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) i láthair oifigeach;

(b) i saoráidí meáite atá faoi úinéireacht phoiblí go hiomlán nó go páirteach nó a oibrítear go poiblí go hiomlán nó go páirteach agus atá faoi réir sásraí tiomnaithe rialaithe, cigireachta agus trédhearcachta, chun aon choinbhleacht leasa dhíreach nó indíreach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'fheidhmiú neamhchlaonta a gcúraimí a eisiamh;

(c) ag meádóirí neamhspleácha tríú páirtí a chomhlíonann na coinníollacha íosta a leagtar síos in Airteagal 3(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1474, faoi réir sásraí tiomnaithe rialaithe, cigireachta agus trédhearcachta;

(d) faoi réir bearta rialaithe malartacha a iarrtar faoi phointe 23, bunaithe ar bhainistiú riosca agus comhlíonadh Roinn B á áirithiú, amhail córas cianfhaireacháin leictreonaigh (CFL) le teilifís ciorcaid iata (TCI) nó teicneolaíocht choibhéiseach a úsáid. Cuirfear na bearta sin faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(d).

16. Nuair a úsáidtear córais CFL ag a bhfuil TCInna, i gcomhréir le pointe 15(d), déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar an mheá an méid seo a leanas:

(a) athbhreithniú a dhéanamh ar a suiteáil chun éifeachtacht na gcóras sin a áirithiú chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí meáite, samplála agus cláraithe gabhálacha;

(b) rochtain a bheith acu ar na taifid, arna iarraidh sin; agus

(c) athbhreithniú a dhéanamh ar líon íosta na dtaifead TCI mar chuid de na bearta rialaithe agus cigireachta dá dtagraítear in Airteagal 8.

D. **Faisnéis a chomhroinnt**

17. Bunóidh na Ballstáit rialacha agus nósanna imeachta chun comhroinnt leictreonach na faisnéise is gá chun an Iarscríbhinn seo a chur chun feidhme go héifeachtach a áirithiú, lena n-áirítear:

(a) liosta na soithí a úsáideann an clár comhchoiteann um rialú;

(b) na calafoirt atá sainaitheanta ag an mBallstát ina dtugtar na gabhálacha i dtír chun an clár comhchoiteann um rialú a chur i bhfeidhm;

(c) cainníocht na dtáirgí iascaigh, de réir speicis, cur i láthair, agus an limistéir gheografaigh ábhartha, arna n-iompar agus arna meá ón gcalafort ina dtugtar gabhálacha i dtír go dtí an ceann scríbe deiridh;

(d) na saoráidí meáite formheasta agus cláraithe ina ndéantar na táirgí iascaigh arna n-iompar a mheá;

(e) mionsonraí maidir le haon sárú amhrasta a braitheadh ag saoráidí meáite formheasta agus cláraithe;

(f) mionsonraí faoi aon sárú amhrasta a rinne aon duine nádúrtha nó dlítheanach faoin Iarscríbhinn seo, lena n-áirítear máistrí, oibreoirí meáite údaraithe, agus iompróirí; agus

(g) mionsonraí maidir le sáruithe amhrasta a bhaineann le táirgí iascaigh a iompar faoin gclár comhchoiteann um rialú.

E. **Íoscheanglais maidir le Saoráidí Meáite**

18. Déanfaidh saoráidí meáite an méid seo a leanas:

(a) beidh siad cláraithe agus formheasta ag údaráis inniúla na mBallstát ina ndéantar an mheá, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta; agus

(b) beidh sé d'acmhainn acu gabhálacha a idirdhealú ó gach soitheach, lena n-áiritheofar sainaithint shoiléir na dtáirgí iascaigh uile sula ndéanfar iad a mheá.

19. Saoráidí meáite a shainaithnítear, ar bhonn bainistiú riosca agus na tosca riosca atá liostaithe in Airteagal 8(3) den Rialachán seo ar a laghad á gcur san áireamh, mar shaoráidí lena mbaineann riosca neamhchomhlíonta na rialacha a leagtar síos san Iarscríbhinn seo, beidh siad faoi réir cigireacht fhisiceach ag údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann laistigh de 12 mhí ó formheasadh iad, nó, i gcás ina dtarlaíonn an tsainaithint ag céim níos déanaí, laistigh de 12 mhí ó dháta na sainaitheanta sin. Áireofar sa chigireacht sin fíorú ar an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) líon agus samhlacha na meá-chóras a bheidh le húsáid ag an tsaoráid mheáite, agus a suíomh suiteála;

(b) an t-uastoilleadh meáite laethúil i gcás meá-chórais creasa iompair agus baisce;

(c) líníochtaí de phróiseas láimhseála agus táirgthe gabhálacha na dtáirgí iascaigh ó theacht isteach sa tsaoráid go stóráil an táirge deiridh, lena n-áirítear suíomhanna na meá-chóras, na limistéar samplála agus sórtála agus córais CFL an limistéir stórála ina bhfuil TCInna, i gcás inarb ábhartha;

(d) i gcás ina n-úsáidtear meá-chórais leanúnacha, cóip de scéimléaráidí teicniúla an tsreangaithe agus naisc a d'fhéadfadh a bheith ann;

(e) pointe teagmhála an oibreora nó a ionadaí le linn oibríochtaí meáite; agus an chaoi a n-áiritheofar rochtain ar shaoráid mheáite, ar mheá-chórais, ar fhaisnéis mheáite, ar thaifid, agus, i gcás inarb ábhartha, ar chórais CFL ag a bhfuil TCInna.

20. Tabharfaidh oibreoirí meáite údaraithe fógra don údarás inniúil maidir le haon athrú ar na meá-chórais agus ar na saoráidí meáite formheasta sula n-úsáidfear iad. Ní úsáidfear na meá-chórais ná na saoráidí meáite gan údarú sainráite ó na húdaráis inniúla.

21. Mura socraíonn an Ballstát tréimhse níos giorra, is ar feadh tréimhse theoranta nach faide ná 5 bliana as a chéile a bheidh an formheas a eiseoidh an t-údarás inniúil.

22. Beidh sé de cheart ag an údarás inniúil dá dtagraítear i bpointe 21 formheas na saoráide meáite a chúlghairm mura gcomhlíontar na coinníollacha thuas nó má tá fianaise ann go ndearnadh gníomhaíochtaí meáite agus cláraithe gabhálacha go míshásúil.

F. **Dálaí malartacha**

23. Féadfaidh na Ballstáit coinníollacha malartacha seachas na coinníollacha sin a leagtar síos i bpointí 15, 18 agus 19 den Iarscríbhinn seo a iarraidh, ar na coinníollacha seo a leanas:

(a) go baineann na coinníollacha malartacha sin le cásanna speisialta a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(i) soithí gabhála ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán;

(ii) cainníochtaí beaga a thugtar i dtír, a mheáitear nó a iompraítear;

(iii) na torthaí ó staidéir eolaíocha neamhspleácha nó ó chomhlachtaí atá aitheanta ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal idirnáisiúnta;

(iv) meáchan idirbhosca na dtáirgí iascaigh a thugtar i dtír i mboscaí caighdeánaithe;

(v) staid phróiseála na dtáirgí iascaigh;

(vi) táirgí iascaigh nach bhfuil faoi réir cuóta nó iascach atá sonrach do Bhallstáit;

(vii) oibreoirí meáite údaraithe; nó

(viii) úsáid na teicneolaíochta nua; agus

(b) an leibhéal céanna cruinnis nó leibhéal níos airde cruinnis a áirithiú maidir le torthaí meáite agus cláraithe gabhálacha.